

An Grúpa Comhairleach um Aithint Inscne

**Tuarascáil chuig Joan Burton, T.D.,
Aire Coimirce Sóisialaí**

15 Meitheamh, 2011.

CLÁR ÁBHAR:

Achoimre.....	3 - 4
Caibidil 1 – Tús Eolais.....	5 - 6
Caibidil 2 – Obair Thosaigh an Ghrúpa	7 - 12
Caibidil 3 – An Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí.....	13 - 19
Caibidil 4 – Aithint Inscne san AE agus i dTíortha Eile agus ag Comhlachtaí Idirnáisiúnta.....	20 - 25
Caibidil 5 – Anailís ar Shaincheisteanna agus ar Mholtaí	26 - 42
Caibidil 6 – An Bille Um Aithint Inscne – Moltaí.....	44 - 49
Aguisín 1 – Baill an Ghrúpa Chomhairligh um Aithint Inscne	50
Aguisín 2 – An Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí um Aithint Inscne	50 - 53
Aguisín 3 – Eagraíochtaí a Bhí Páirteach sa Phróiseas Comhairliúcháin.....	54 - 55
Caibidil 4 – Aithint Inscne i dTíortha Eile agus Foinsí Idirnáisiúnta.....	56 - 63
Gluais.....	64

ACHOIMRE: Tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh um Aithint Inscne

Bhunaigh an tAire Coimirce Sóisialaí an Grúpa Comhairleach um Aithint Inscne i mí na Bealtaine 2010 tar éis don Ard-Chúirt rialú a thabhairt go bhfuil Éire ag sárú an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine toisc nach bhfuil aon phróiseas aici chun inscne atá faighte ag daoine trasghnéasacha a aithint go dlíthiúil. Ba iad a théarmaí tagartha comhairle a chur ar an Aire i dtaobh na reachtaíochta a bheadh ag teastáil chun foráil a dhéanamh d'inscne athraithe daoine trasghnéasacha a aithint go dlíthiúil.

Obair an Ghrúpa

- ✦ Rinneadh taighde ar shaincheisteanna a bhaineann le trasghnéasacht in Éirinn agus go hidirnáisiúnta – go háirithe an staid ar a dtugtar Neamhord Féiniúlachta Inscne (GID).
- ✦ Chuaigh an grúpa i gcomhairle le saineolaithe míochaine agus meabhairshláinte agus le páirtithe leasmhara eile in Éirinn, agus leis na húdaráis atá freagrach as oibriú an Gender Recognition Act sa RA mar aon le hacadóirí móra le rá agus Ard-Chláraritheoir Shasana agus na Breataine Bige.
- ✦ Eisíodh doiciméad comhairliúcháin poiblí i Lúnasa na bliana 2010. Fuarthas freagra sásúil ó eagraíochtaí (14) agus ó dhaoine aonair (26). Bhí cruinnithe déthaobhacha ag an nGrúpa le heagraíochtaí agus le daoine aonair roghnaithe ag éirí as na haighneachtaí sin.
- ✦ Rinneadh athbhreithniú ar reachtaíocht agus ar scéimeanna atá i bhfeidhm i dtíortha eile agus i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus i gcásanna cúirte Eorpacha a bhain le hábhar.
- ✦ Rinneadh anailís ar shaincheisteanna, ag cur san áireamh ionchur ó shaineolaithe, ó pháirtithe leasmhara, ó dhaoine a bhí páirteach sa chomhairliúchán poiblí agus creatlaí dlí intíre agus idirnáisiúnta.

An Toradh

- ✦ Moltaí ar an reachtaíocht a theastódh chun go bhféadfadh an tAire Coimirce Sóisialaí scéim a bhunú trína ndéanfadh an Stát aitheantas foirmiúil a thabhairt d'inscne athraithe daoine trasghnéasacha atá tar éis athrú buan a dhéanamh go dtí an inscne roghnaithe.
- ✦ Aitheantas foirmiúil a chiallóidh inscne athraithe duine a bheith aitheanta go hiomlán ag an Stát chun gach críche – lena n-áirítear an ceart chun pósadh san inscne athraithe agus an ceart ar theastas breithe nua – aitheantas don inscne athraithe a thiocfadh i bhfeidhm ar dháta an chinnidh aitheantais.
- ✦ Ní dhéanfadh sin difear do na cearta a bhí ag an duine ina inscne nó ina hinscne sannta bunaidh roimh dháta na haitheanta, ná dá fhreagrachtaí nó dá freagrachtaí ná d'iarmhairtí gníomhartha san inscne sin.

Critéir Cháiliúcháin

Bunaithe ar anailís ar na saincheisteanna molann an Grúpa na critéir cháiliúcháin seo a leanas i gcás iarratasóirí ar aithint inscne:

Cónaitheacht/Clárú Breithe in Éirinn Iarratais a bheith teoranta do: dhaoine a bhfuil a mbreith cláraithe in Éirinn; daoine atá ar áireamh ar Chlár na mBreitheanna sa Choigríoch, agus daoine a bhfuil

gnáthchónaí orthu in Éirinn.

Aois Íosta: Aois íosta de 18 mbliana.

Stádas Pósta agus Páirtnéireachta Sibhialta: Ní áireofar sa scéime daoine atá i bpósadh nó i bpáirtnéireacht sibhialta bailí láithreach.

Athrú Buan: intinn shoiléir shocraithe maireachtáil san inscne athraithe ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol;

Maireachtáil sa Ról: tréimhse dhá bhliain ar a laghad a bheith caite ag maireachtáil go lánaimseartha san inscne athraithe

Critéir Mhíochaine: ceann amháin díobh seo a leanas:

- fáthmheas foirmiúil Neamhord Féiniúlachta Inscne (GID) móide fianaise thacaíochta míochaine a bhaineann le hábhar; nó,
- fianaise liachta go bhfuil an duine tar éis dul faoin scian lena inscne nó lena hinscne a athshannadh; nó
- fianaise ar an inscne athraithe a bheith aitheanta i ndlínse eile

Forálacha Eile

Bunphróiseas maidir le haithint inscne a chur i bhfeidhm; an cinneadh a bheith bunaithe ar scrúdú ar an fhianaise dhoiciméadach a churtear ar fáil; soláthar le haghaidh éisteachtaí ó bhéal más gá.

Painéal um Aithint Inscne neamhspleách de thriúr arna cheapadh ag an Aire agus arna thacú ag Rúnaíocht a dhéanfaidh an cinneadh um aithint.

Eiseoidh an Painéal Deimhniú um Aithint Inscne d'iarratasóirí a n-éiríonn leo.

Forálacha maidir le Clár um Aithint Inscne a bhunú ag Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO), teastais bhreithe nua a eisiúint agus sonraí a láimhsiú.

Foráil d'achomhairc chuig an gCúirt Teaghlaigh agus do chúlghairm/ceartú teastas eisithe.

CAIBIDIL 1: ***Tús eolais***

1.1 Tús eolais

Tá roinnt staideanna ann ina mbraitheann daoine go mbaineann siad le hinscne nach í an inscne a ghabhann lena dtréithe coirp.

An staid is coitianta díobh sin ná Neamhord Féiniúlachta Inscne (GID). Duine a bhfuil GID air nó uirthi, braitheann sé nó sí go bhfuil a fhéiniúlacht nó a féiniúlacht inscne ag teacht salach ar an inscne a cláraíodh ag a bhreith nó a breith, bunaithe ar a thréithe nó a tréithe coirp. Ina fhianaise sin, tagairt is ea “féiniúlacht inscne” don tuairim dhaingean a bhíonn ag duine maidir leo féin mar fhear nó mar bhean.

Staid thromchúiseach is ea é toisc go mbíonn anbhuan mheabhrach ar dhaoine dá barr, toisc claontacht, magadh, agus easpa tuisceana ar an staid.

Féachann cóireáil le haghaidh neamhord féiniúlachta inscne le cabhrú le daoine a bhfuil an staid sin acu suaimhneas a bhaint amach maidir lena bhféiniúlacht inscne seachas an staid sin a “leigheas”. I measc na gcineálacha cóireála atá ar fáil tá comhairleoireacht, gléasadh agus maireachtáil san inscne roghnaithe, cóireáil hormón, cóireálacha eile chun cuma fhisiceach an duine a athrú, agus fiú dul faoin scian le gnéithe den chorp a athrú.

I mórán cásanna, an críochphointe cóireála i gcás GID ná athrú buan a dhéanamh ón inscne bhunaidh a cláraíodh ag an mbreith go dtí an inscne eile.

Daoine a bhfuil an t-athrú go dtí an inscne roghnaithe déanta acu, d’fhéadfadh sé gur mhian leo an t-athrú a bheith aitheanta ag comhlachtaí oifigiúla agus an inscne athraithe a bheith léirithe i ndoiciméid oifigiúla.

I láthair na huaire eisiúnn mórchuid comhlachtaí oifigiúla in Éirinn doiciméid ina n-aithnítear inscne athraithe – pasanna, ceadúnais tiomána agus uimhreacha PSP, mar shampla. Ach níl aon soláthar sa dlí chun athrú inscne a aithint le teastas breithe nua.

Dearbhaíodh in Ordú ón Ard-Chúirt an 10 Márta, 2008¹, go bhfuil ailt áirithe den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, contrártha le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine toisc go loiceann orthu meas a léiriú ar shaol príobháideach daoine trasghnéasacha sa mhéid is nach bhfuil aon fhoráil ann le gur féidir leis an Stát an fhéiniúlacht inscne atá faighte ag daoine trasghnéasacha a aithint go dlíthiúil.

I ndiaidh an ordaithe sin, bhunaigh an tAire Coimirce Sóisialaí grúpa comhairleach idir-Rannach – dá dtagraítear anseo feasta mar an Grúpa Comhairleach um Aithint Inscne – chun comhairle a sholáthar ar an reachtaíocht a bheadh de dhíth chun an t-easnamh sin a leigheas.

¹ Ordú ón mBreitheamh McKechnie in *Foy v An tÁrd-Chlárúitheoir*

1.2 Téarmaí Tagartha don Ghrúpa Comhairleach um Aithint Inscne

Ba iad seo a leanas na saintéarmaí tagartha:

“...De bhun rialú ón Ard-Chúirt go bhfuil Éire ag sárú an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine toisc nach bhfuil aon phróiseas aici chun inscne atá faighte ag daoine trasghnéasacha a aithint go foirmiúil, bhunaigh an tAire Coimirce Sóisialaí grúpa idir-Rannach – an Grúpa Comhairleach um Aithint Inscne – a raibh na téarmaí tagartha seo a leanas aige:

- ✧ Comhairle a chur ar an Aire i dtaobh na reachtaíochta a bheadh ag teastáil le go bhféadfaí chun foráil a dhéanamh le haghaidh aithint oifigiúil d'inscne athraithe daoine trasghnéasacha. Go sonrach, cinn bille a mholadh do bhille ina bhforálfaí:*
 - do bhunú próisis chun inscne fhaighte daoine trasghnéasacha a bhfuil an t-athrú déanta ó inscne amháin go hinscne eile acu a bheith aitheanta go dlíthiúil;*
 - do bhunú clár um aithint inscne;*
 - do dheonú teidlíochta chun pósadh san inscne athshannta a aithnítear go dlíthiúil; agus*
 - d'aon fhorálacha eile a mheastar is gá de dhroim phríomhfhorálacha an Bhille.”*

Bhí a chéad chruinniú ar an nGrúpa an 6 Bealtaine, 2010, agus bhí deich gcruinniú eile acu. Is féidir comhdhéanamh an Ghrúpa a fhail in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

CAIBIIL 2: *Obair Thosaigh an Ghrúpa*

2.1 An Bunchúram

D'aontaigh an Grúpa go gceanglaíonn na téarmaí tagartha air comhairle a chur ar an Aire Coimirce Sóisialaí maidir leis na forálacha reachtacha a theastódh chun a chumasú do dhaoine a mhaireann in inscne nach í an inscne atá tugtha ar a dteastas breithe teastas breithe nua a bheith acu a thaispeánann an inscne ina maireann siad agus aon túsainm agus/nó sloinne athraithe. Go sonrach, ba cheart inscne athraithe daoine a bhfuil athrú déanta acu ón inscne a cláraíodh ag a mbreith a bheith aitheanta sa reachtaíocht.

2.2 Toimhdí an Ghrúpa

Ag cur tús lena chuid oibre, chomhaontaigh an Grúpa toimhdí agus míniúcháin áirithe chun bunús a thabhairt dá chláir oibre. Bhí na toimhdí agus na sainmhínithe sin bunaithe ar an gcreatlach a leagadh síos i rialú na hArd-Chúirte agus i bhforbairtí i gcás-dlí idirnáisiúnta, leis, agus ar eolas an Ghrúpa ar an reachtaíocht ábhartha in Éirinn.

Ba iad seo a leanas na toimhdí:

- ⤴ D'fhéachfadh an reachtaíocht go bunúsach leis an Aire a údarú chun foráil a dhéanamh do bhunú agus d'oibriú scéime trína ndéanfadh an Stát inscne athraithe daoine trasghnéasacha a aithint.
- ⤴ Glacadh leis an téarma "trasghnéasach" mar théarma a chuimsigh daoine aonair a bhraitheann míshona nó míchompordach leis an **inscne** a sannadh dóibh bunaithe ar a ngnéas bitheolaíoch ag an mbreith agus ar mian leo athrú go dtí an inscne roghnaithe nó an inscne fhaighte, nó a bhfuil an t-athrú sin déanta acu cheana féin.²
- ⤴ Ciallaíonn aitheantas foirmiúil inscne roghnaithe nó inscne athraithe an duine a bheith aitheanta go hiomlán ag an Stát chun gach críche – lena n-áirítear an ceart chun pósadh san inscne fhaighte agus an ceart ar theastas breithe nua.
- ⤴ Thioctadh aitheantas don inscne fhaighte i bhfeidhm ar an dáta a d'eiseofaí ráiteas foirmiúil chuige sin agus thabharfaí cead uaidh sin do dhaoine a bhfuil a mbreith cláraithe in Éirinn teastas breithe nua a fháil.
- ⤴ Ní dhéanfaí difear do na cearta a bhí ag an duine sin ina inscne nó ina hinscne bhunaidh cláraithe roimh dháta na haitheanta, ná dá fhreagrachtaí nó dá freagrachtaí ná d'iarmhairtí gníomhartha san inscne sin.

2 Glacann an Grúpa leis nach téarma é "trasghnéasach" a nglactar go huilíoch leis mar théarma cuí agus go bhféadfadh an téarma "trasinscne" a bheith níos inmhianaithe. Ach de ghrá na comhsheasmhachta, úsáidtear an téarma "trasghnéasach" ar fud na tuarascála seo.

2.3 Rioscaí a D'fhéadfadh a Bheith Ann

Bhreithnigh an Grúpa na rioscaí don Stát maidir le hiarratais chialaoiseacha nó suaibhreasacha ar aithint inscne – go háirithe, na hiarmhairtí a ghabhfadh le haitheantas a thabhairt do chásanna bréagacha.

Níor éirigh leis an nGrúpa aon riosca don Stát de chineál airgeadais a shainathint, ós rud é nach bhfuil aon ghnóthachan eacnamaíoch i gceist do dhuine a athraíonn a inscne nó a hinscne trí theacht a fháil ar leasanna sóisialacha níos fearr ná ar chóir chánach níos fearr, mar shampla. Shainathin an Grúpa, más ea, go bhféadfadh náire a bheith ann don Stát dá nglacfaí faoin scéim nua le héilimh a bhféachfaí orthu mar éilimh “shuaibhreasacha” ar aitheantas d'inscne athraithe agus mar sin ba cheart na téarmaí agus na coinníollacha a bheith dóthanach chun cosc a chur le héilimh dá sórt.

Ach bhraith an Grúpa gur bheag seans a bhí ann i ndáiríre go ndéanfaí iarratas suaibhreasach ag smaoineamh ar nádúr na staid agus ar na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag daoine agus iad ag athrú ó inscne amháin go dtí an inscne eile agus an anbhuain a ghabhann leis sin.

2.4 Neamhord Féiniúlachta Inscne

Tá caighdeáin agus treoirlínte seanbhunaithe ann chun Neamhord Féiniúlachta Inscne a fháthmheas. Comhlachtaí idirnáisiúnta a fhoilsíonn iad agus coimeádtar iad faoi shíor-athbhreithniú. Ach na treoirlínte sin a úsáid, ba cheart a bheith ar chumas cliniceoirí fáthmheas cinnte a dhéanamh agus cóireáil a mholadh.

Tuairiscítear GID mar staid aitiópúil forbartha inscne agus faigheann sé lipéad cliniciúil ó chomhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as neamhoird a shainmhíniú agus a aicmiú. San ‘International Classification of Diseases 10’ (nó ICD-10) de 1993 de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte sainmhínítear an staid mar ‘trasghnéasacht’ má bhíonn sé i láthair i bhfoirm dhomhain sheasmhach. Sainmhínítear é tuilleadh mar “...*an mian chun maireachtáil agus glacadh a fháil mar bhall den inscne eile, agus de ghnáth gabhann leis mian chun a chorp nó a corp a dhéanamh a iomchuí is féidir don inscne roghnaithe trí dhul faoin scian agus trí chóireáil hormón. Tá an fhéiniúlacht thrasghnéasach ann go seasmhach le dhá bhliain ar a laghad...*”

Tugtar Neamhord Féiniúlachta Inscne ar an staid chéanna san ‘Diagnostic and Statistical Manual of Mental Disorders – Fourth Edition’ (nó DSM-IV), a d’fhoilsigh an American Psychiatric Association sa bhliain 2000, agus ina dtuairiscítear é mar “...*aitheantas láidir seasmhach trasinscne agus míchompord seasmhach leis an ngnéas agus braistint gur míchuí an ról inscne...*”. Staid í atá neamhchoitianta ar an iomlán agus ina mbraitheann daoine go bhfuil a “bhféiniúlacht inscne” (.i. an taithí shíceolaíoch atá acu orthu féin mar fhireannach nó mar bhaineannach) gan a bheith iomchuí dá bhfeinitíopa (tréithe seachtracha gnéis an choirp).

Ba cheart a mheabhrú gur mar “diosfóiría inscne” a thuairiscítear an staid uaireanta cé go mbaineann diosfóiría, sa chiall is cúinge, leis an gcineál anbhuaine is measa a fhulaingíonn daoine a bhfuil GID orthu.

Nuair a shásaíonn daoine a bhfuil an staid acu critéir shonraithe i gceachtar den dá ainmníocht oifigiúil sin – an ‘ICD-10’ nó an ‘DSM-IV’ – is ionann sin agus fáthmheas foirmiúil GID.

Tá caighdeáin chúraim do dhaoine ar fáthmheasadh GID ina leith leagtha amach ag mórchuid tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Mar shampla, gheofar in ‘Standards of Care for Gender Identity

Disorders’, a d’fhoilsigh an Cumann Gairmiúil Domhanda um Shláinte Trasinscne (WPATH), comhthoil ghairmiúil na heagraíochta maidir le conas bainistíocht shíciatrach, shíceolaíoch, mhíochaine agus mháinliachta a dhéanamh ar neamhord féiniúlachta inscne. Tugtar cuireadh do ghairmithe na caighdeáin fhoilsithe a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na paraiméadair faoina gcuimsítear an cúnaimh is féidir leo a thairiscint dóibh siúd a bhfuil fadhbanna féiniúlacht inscne acu. Is fearr aithne ar chaighdeáin WPATH mar ‘Caighdeáin Chúraim Harry Benjamin’ – a thagann ón ainm a bhí ar an gcumann ar dtús.

Nótáiltear go bhfuil moladh ann GID a dhí-aicmiú mar neamhord meabhrach sa chúigiú heagrán den ‘Diagnostic and Statistical Manual of Mental Disorders’ (nó DSM-V), de chuid Chumann Síciatrach Mheiriceá (APA), atá le foilsiú i mí na Bealtaine, 2013. Moltar go gcuirfi “Mí-oiriúnacht Inscne” (GI) in áit “GID” toisc gur téarma tuairisciúil an chéad cheann is fearr a léiríonn an fhadhb bhunúsach – is é sin le rá, mí-oiriúnacht idir an fhéiniúlacht a bhraiteann duine agus/nó a chuireann sé nó sí in iúl ar láimh amháin, agus ar an láimh eile, an tslí a mbítear ag súil go mairfidh duine, bunaithe ar inscne shannta an duine sin (inscne a shanntar ag an mbreith, de ghnáth).

Tá brúghrúpaí ann atá diongbháilte gurb é “féindeimhniú” is ceart a bheith ar fáil do dhaoine ar mian leo an inscne ina maireann siad a bheith aitheanta go hoifigiúil agus fiú an t-aitheantas sin a leathnú amach chun daoine a mhaireann go páirtaimseartha sa dá inscne a chuimsiú ann.

2.5 Comhairliúcháin le Saineolaithe agus le Páirtithe Leasmhara

Chuaigh an Grúpa i gcomhairle le roinnt saineolaithe agus páirtithe leasmhara in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus eagraíodh seisiún comhairliúcháin leis an bpobal, leis, chun na mórcheistanna a phlé.

D’fhreastail baill den ghrúpa ar shiompóisiam a d’óstáil an tIonad um Cheartas Coiriúil agus Chearta an Duine sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh i gCathair Chorcaí chun rannchuidiú leis an díospóireacht faoin tslí le reachtaíocht um aithint inscne a dhréachtú. Ba í Mary White, T.D. an tAire Stáit Comhionannais, Cearta agus Duine agus Imeachadh, mar a bhí inti an uair sin, a d’oscail an siompóisiam an 14 Bealtaine 2010 agus i measc na gcainteoirí eile bhí an tOllamh Andrew Sharpe ón Scoil Dlí ag Ollscoil Keele i Sasana, an tOllamh Stephen Whittle ón Scoil Dlí ag Ollscoil Chathrach Mhanchain i Sasana, Eilís Barry Uasal, Abhcóide, Michael Farrell, Uasal, dlíodóir ag ionadú na nIonad Comhairle Dlí Saor in Aisce, agus Tanya Uasal Ní Mhuirthile ó Dhámh an Dlí sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh.

I measc na n-ábhar a clúdaíodh i gcur i láthair an lá sin bhí taithí ar aithint inscne a chur i bhfeidhm thar sáile, lena n-áirítear na ceachtanna a bheadh le foghlaim ó thabhairt isteach an Gender Recognition Act sa bhliain 2004 sa Ríocht Aontaithe. Tugadh breac-chuntas ar dhlí reatha na hÉireann ar an mórcheist seo agus nochtadh tuairimí faoin méid ar cheart a bheith ar áireamh i gceartlath um aithint inscne in Éirinn.

2.5.1 Éire

Bhí cruinniú ag an nGrúpa le roinnt saineolaithe aitheanta i réimse fháthmheas agus chóireáil daoine a bhfuil GID orthu.

Is deacair tuairim a fháil den mhéid daoine a bhfuil GID orthu – meastar go bhféadfadh duine amháin as gach 25,000 in Éirinn a bheith i gceist. Fireannaigh is ea a bhformhór (9 as 10) ar mian leo athrú go

baineannaigh – ní bhíonn ach duine amháin as gach deichniúr ar mian leo athrú ó bhaineannach go fireannach. San Eoraip chuir staidéar Albanach i bhfios go bhféadfadh minicíocht de 1 in 12,000 a bheith ann agus fuarthas minicíocht de 1 in 21,000 i staidéar Ollannach. Sheas an cóimheas idir fir trasinscne agus mná trasinscne ag tuairim is 1:3 nó 1:4. Chuirfeadh na leibhéal mhinicíochta sin i bhfios go bhféadfadh GID a bheith ar thart ar 300 aosach in Éirinn.

Is deacair a rá cén méid daoine atá ag dul faoi chóireáil. Tá gairmithe meabhairshláinte i gceannas ar dhá mhórchlinic d'othair GID in Éirinn – agus thart ar 300 othar GID cláraithe acu san iomlán. Níl aon chlinic poiblí (.i. FSS) síciatrach nó síceolaíoch ann.

Tá clinic cóireála hormón ag inchríneolaí comhairleach de chuid FSS a bhfreastalaíonn tuairim is 130 othar air. D'fhéadfadh daoine eile nach eol a líon a bheith ag fáil cóireála ó chleachtóirí príobháideacha, agus d'fhéadfadh daoine eile a bheith ag féin-íocleasú le hormóin a ceannaíodh ar an Idirlíon. Cuireadh údar inní in iúl mar gheall ar an gcleachtas deireanach sin toisc gur cheart hormóin a thabhairt do dhaoine faoi chúram dochtúra chun fo-iarmhairtí dainséaracha agus fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh beatha a chur i mbaol a sheachaint nó a íoslaghdú.

Níl máinliacht athshannta inscne ar fáil in Éirinn agus cé gurb eol go ndeachaigh othair áirithe go dtí an Ríocht Aontaithe nó chuig tíortha eile ar nós na Téalainne le dul faoin scian ansin tuigtear gur beag duine a théann faoin scian don ghnáthamh iomlán. Tá cúiseanna éagsúla leis sin, mar shampla costais, tréimhsí fada feithimh, eagla, nó mí-oiriúnacht ó thaobh sláinte de chun dul faoi obráid thromchúiseach.

Tugtar faoi deara gur sine i gcoitinne na hothair GID a thagann i láthair le haghaidh cóireála in Éirinn ná a macasamhla idirnáisiúnta. Is gnách do chion níos airde in Éirinn a bheith pósta agus teaghlach orthu. Seo a leanas cuid de na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an moill ar chabhair a lorg:

- ▲ tosca sochaíocha a bhaineann le hÉirinn amháin;
- ▲ easpa eolais agus feasachta maidir leis an staid i measc an phobail i gcoitinne agus na ngairmeacha míochaine;
- ▲ easpa roghanna cóireála sa tseirbhís sláinte phoiblí agus i measc Lia-Chleachtóirí i gcoitinne, agus
- ▲ d'fhéadfadh daoine áirithe bheith tar éis imeacht as an tír chun cóireáil a lorg agus cur fúthu thar lear.

Tuairiscítear an grúpa seo ar an iomlán mar dhaoine atá uaigneach, ciaptha, éighníomhach agus gur minic gur beag an teacht isteach atá acu. Tá fianaise ar fáil ó staidéir éagsúla go ndéantar foréigean agus leatrom ar an ngrúpa seo – agus go smaoiníonn céatadán mór díobh ar lámh a chur ina mbás féin.

Is beag gairmí meabhairshláinte agus liachta in Éirinn a chuireann cóireáil ar othair GID i gcomórtas le tíortha eile agus tá impleachtaí aige sin don scéim bheartaithe um aithint inscne sa mhéid is go ndealraíonn sé nach bhféadfaí liostaí ná painéil d'fhinnéithe saineolacha faofa a thionscnamh faoi mar a fhoráiltear dó i scéimeanna i dtíortha eile.

2.5.2 An Ríocht Aontaithe

Ag smaoiniamh ar chórais dlí chomhchosúla, thug an Grúpa aird ar leith ón tús ar an Gender

Recognition Act sa Ríocht Aontaithe, acht a tháinig i bhfeidhm in Aibreán, 2005. Freagairt ab ea an tAcht sin ar bhreithiúnais éagsúla sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe *Goodwin v. UK* (*iarratas uimh. 28957/95*), arbh é sin an breithiúnas céanna a chuaigh i bhfeidhm go láidir ar an gcás Ard-Chúirte in Éirinn. Féachadh ar an Acht mar acht forásach an uair sin toisc nár chuir sé máinliacht athshannta inscne ná cóireáil hormón faoi deara má bhí fritásca ann, ar choinníoll gur sásaíodh na critéir inghlacthachta ar gach slí eile.

Bhí cruinnithe ag baill den Ghrúpa leis an Aonad un Beartais Inscne den Aireacht Ceartais sa RA chun an Gender Recognition Act a phlé go mion agus le Cathaoirleach an Phainéil um Aithint Inscne agus Rúnaíocht an Phainéil, le Leas-Ardchláraitheoir Shasana agus na Breataine Bige, agus le beirt acadóir Bhriotanacha a bhí bainteach le forbairt an Gender Recognition Act.

Gender Recognition Act

Tháinig an Gender Recognition Act i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe in Aibreán, 2005. Is é cuspóir an Achta aithint dhlíthiúil a chur ar fáil do dhaoine trasghnéasacha ina n-inscne fhaighte. Is trí Theastas um Aithint Inscne a fháil ó Phainéal um Aithint Inscne a fhaightear aitheantas dlíthiúil. Binse reachtach de chuid an HM Courts and Tribunal Service is ea an Painéal agus baill dlí agus míochaine atá air.

Ceanglaíonn an córas ar an iarratasóir ar aitheantas d'athrú inscne fianaise shonrach a chur ar fáil don Phainéal um Aithint Inscne. Déanann an Painéal cinneadh ansin bunaithe ar an bhfianaise dhoiciméadach a chuirtear ar fáil. Bíonn cruinnithe ag an bPainéal go tráthrialta i gcaitheamh na bliana.

Sula n-eisítear deimhniú, ní foláir don Phainéal a bheith sásta:

- ✦ go bhfuil, nó go raibh, diosfóiría inscne ar an iarratasóir³;
- ✦ gur mhair sé nó sí san inscne fhaighte le dhá bhliain anuas, agus
- ✦ go bhfuil ar intinn aige nó aici maireachtáil san inscne fhaighte go lá a bháis nó a báis.

Nuair a eisítear Deimhniú um Aithint Inscne ciallaíonn sé go n-aithnítear inscne nua an duine sin chun gach críche – lena n-áirítear pósadh agus páirtneireacht shibhialta – sa Ríocht Aontaithe. Tá an duine sin i dteideal teastas breithe nua a léiríonn an inscne nua roghnaithe (ar choinníoll go bhfuil iontráil ag an duine sin cheana féin i gclár na mbreitheanna sa RA) agus beidh sé nó sí in ann duine nach duine é nó í den inscne nua faighte a phósadh.

Tar éis an Gender Recognition Act a bheith tugtha isteach sa bhliain 2005, bhíothas ag súil le líon mór iarratas ar dtús ó dhaoine a bhí tar éis an t-athrú a dhéanamh na blianta ó shin. Ach níorbh amhlaidh a bhí, agus tá líon na n-iarratas i gcónaí faoi bhun an mhéid a rabhthas ag súil leis. Faightear 350 iarratas nó mar sin *sa bhliain*. Thart ar 30 bliain d'aois a bhíonn na hiarratasóirí, ar an meán. Ach daonra na hÉireann a chur i gcomparáid le daonra Shasana, bheifí ag súil le idir 20 agus 25 cás sa bhliain in Éirinn.

Dealraíonn sé go bhfuiltear sásta i gcoitinne leis an gcóras a tugadh isteach leis an Gender Recognition Act. Cuireadh údair inmí in iúl ar dtús go raibh an cur chuige ródhlíthiúil, toisc an oiread sin dlíodóirí a bheith ar an bPainéal, ach is cosúil nach bhfuil na húdair inmí sin ann anois. Tá dearthaí éagsúla ann i dtaobh an mhéid sonraí a lorgaíonn an Painéal, sonraí atá iomarcach, dar le hiarratasóirí áirithe, ach

3 Is é Diasfóiría Inscne an téarma a úsáidtear ar Neamhord Féiniúlachta Inscne i reachtaíocht an RA

braitheann páirtithe leasmhara eile nach leor an méid sonraí a lorgáítear.

An mhórchéist is conspóidí ná an riachtanas gur duine neamhphósta é nó í gach iarratasóir ar Dheimhniú um Aithint Inscne. Táthar tar éis cásanna a chur i láthair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ag cur in aghaidh an riachtanais go gcaithfidh lánúin a pósadh más mian Deimhniú um Aithint Inscne a bheith deonaithe do dhuine de na páirtneírí. Ach chinn an Chúirt i bhfabhar na Ríochta Aontaithe agus mhaígh go raibh sé de cheart aici (“corrlach breithmheasa”) gan foráil a dhéanamh do phósadh comhghnéis agus nótaíl sí go bhfuil socrú páirtneireachta shibhialta ann do lánúineacha mar iad. Foráiltear i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe um aithint inscne, leis, chun Deimhniú um Aithint Inscne eatramhach a eisiúint chun gur féidir le daoine pósta an pósadh sin a neamhniú. Bíonn an deimhniú eatramhach sin bailí ar feadh sé mhí agus bíonn an pósadh “in-neamhnaithe” ón dáta eisiúna. Tá nós imeachta mear tugtha isteach anois le gur féidir pósadh lánúine a neamhniú agus páirtneireacht shibhialta nua a chur i gcrích laistigh de lá nó dhó. Níl sé sin leagtha amach sa reachtaíocht ach tá sé ar fáil le comhaontú na gCúirteanna agus Chláraitheoir na bPáirtneireachtaí Sibhialta. Cúis le neamhniú i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus cúis le colscaradh in Albain is ea Deimhniú um Aithint Inscne eatramhach a bheith eisithe.

Ní fhoráiltear i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe d’aitheantas do dhaoine idirghnéasacha nach ionann an inscne ina maireann siad agus an inscne atá tugtha ar a dteastas breithe. Tá locht dá réir faighte ag tráchtairí ar an reachtaíocht.

CAIBIDIL 3:

An Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin ar shuíomh Gréasáin na Roinne Coimirce Sóisialaí (agus tá sé le feiceáil fós ag <http://www.welfare.ie/EN/Policy/Legislation/Pages/genderrecognition.aspx>) an 4 Lúnasa, 2010 (féachtar Aguisín 2), ag lorg aighneachtaí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara. Fuair an Grúpa 40 aighneacht san iomlán – 14 ó eagraíochtaí agus 26 ó dhaoine aonair (féachtar Aguisín 3). Thug an Grúpa dá n-aire gur aighneachtaí cuiditheacha ar ardchaighdeán a bhí iontu. Bunaithe ar mheasúnú a rinneadh ar na haighneachtaí, bhí cruinniú ag an nGrúpa le deich gcinn de na heagraíochtaí agus de na daoine aonair i lár mhí Dheireadh Fómhair, 2010.

Tugadh breac-chuntas ar thograí sna réimsí seo a leanas sa doiciméad comhairliúcháin:

3.1 Breac-chuntas ar an bPróiseas

Mhol an doiciméad comhairliúcháin gur mar seo a leanas a bheadh an próiseas:

- ✦ Déanann an té atá ag lorg aitheantais dá inscne nó dá hinscne athraithe iarratas chuig an Aire nó chuig comhlacht cinnteoireachta atá ainmnithe chuige sin faoin reachtaíocht, ar an inscne nua a bheith aitheantas.*
- ✦ Cuireann an t-iarratasóir fianaise dhoiciméadach i láthair chun tacú leis an iarratas.*
- ✦ Scrúdaíonn an tAire, nó an comhlacht cinnteoireachta, an t-iarratas agus an fhianaise agus déantar cinneadh cibé an nglacfar leis an iarratas nó an ndiúlthófar é.*
- ✦ Eisíonn an tAire nó an comhlacht cinnteoireachta ráiteas foirmiúil don iarratasóir rathúil ina n-aithnítear an inscne nua.*
- ✦ Beidh próiseas achomhairc ann d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo.*

3.1.1. Freagairtí

Bhí formhór na n-aighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí ar aon fhocal, a bheag nó a mhór, leis an mbreac-chuntas ar an bpróiseas beartaithe. Dúradh i roinnt aighneachtaí, más ea, gur mhaith leo go leathnófaí an próiseas chun go n-áireofaí staideanna idirghnéasacha ann.

Ábhar cúraim i roinnt aighneachtaí aonair ab ea an tslí a d'fheidhmeodh an próiseas dá nglacadh an tAire le hiarratas go haondeonach nó dá ndiúlthódh sé dó.

Dúradh, leis, nach foláir comhdhéanamh aon chomhlacht cinnteoireachta a bhreithniú go cúramach ionas nach mbeidh an comhlacht sin ina gheatóir maidir le teacht ar chearta dá bhforáiltear sa reachtaíocht.

3.2 Prionsabail

Ba iad seo a leanas na prionsabail threoracha a moladh chun bheith mar bhonn eolais faoi dheardh an phróisis chinnteoireachta agus faoi shocrú na gcritéar cáiliúcháin a bhí sa doiciméad comhairliúcháin:

- ✧ Ba cheart meas a léiriú ar chearta agus ar dhínit ar iarratasóra i ngach cuid den phróiseas.
- ✧ Níor cheart d'aon cheann de na téarmaí ná de na coinníollacha daoine a dhíspreagadh ó iarratas a dhéanamh.
- ✧ Ba cheart na critéir a bheith inléirmhínithe ar shlí chomhsheasmhach oibiachtúil.
- ✧ Ba cheart gur próiseas agus critéir iomlána agus cothroma a bheadh iontu a mbeadh meas ag iarratasóirí agus ag an bpobal i gcoitinne orthu agus iontaoibh acu astu.
- ✧ Ba cheart an próiseas a thabhairt chun críche go luath.
- ✧ Beidh tábhacht ar leith le príobháid agus le rúndacht.

3.2.1 Freagairtí

Mhol roinnt eagraíochtaí prionsabal an chuimsithe a bheith ar áireamh le cinntiú go léireofaí meas ar chearta agus ar dhínit gach duine a d'fhéadfadh leas a bhaint as tabhairt isteach an phrionsabail sin. Ba í tuiscint an Ghrúpa air sin ná nár cheart an scéim a theorannú do dhaoine a raibh fáthmheas GID tugtha ina leith. Dúradh in aighneacht amháin nár chóir a bheith sa reachtaíocht ach na téarmaí míochaine/cliniciúla cuí a úsáidtear – .i. an fáthmheas iarbhír de GID/Diasfóire Inscne, le go mbeadh na critéir inléirmhínithe ar shlí chomhsheasmhach oibiachtúil, agus aon téarmaíocht mhíchuí nó díobhálach a bheith fágtha as. Moladh in aighneacht eile gur cheart an téarma trasinscne a úsáid, i dtaca le téarmaíocht de. Moladh, leis, in aighneacht eile go nglacfadh an Grúpa Comhairleach mar phrionsabail threoracha an dá mholadh déag a rinne Coimisinéir um Chearta an Duine Chomhairle na hEorpa ina Phlépáipéar Eisiúna um Chearta an Duine agus Féiniúlacht Inscne ⁴.

Níor cuireadh tuairim láidir in iúl i dtaobh na bprionsabal treorach molta i bhformhór na n-aighneachtaí. Moladh an Grúpa in aighneacht amháin as a rá go gcaithfeadh próiseas ar bith meas a léiriú ar phríobháid agus ar dhínit an iarratasóra agus nár cheart go mbeadh teacht ag an duine nó na daoine a bheadh ag measúnú an iarratais ar fhianaise dhoiciméadach ach ar feadh an méid ama a thógfadh sé chun an t-iarratas a phróiseáil. Áitíodh in aighneacht eile nár cheart aon táille a ghearradh as iarratas a dhéanamh, toisc gur bac míchothrom ar na daoine ba leochailí sa phobal trasghnéasach a bheadh in aon bhac airgeadais ar aithint inscne.

3.3 Critéir Cháilitheachta

Lorgaíodh aighneachtaí ar na critéir cháilitheachta atá beartaithe don scéim, lena n-áireofaí an méid seo a leanas:

3.3.1 Aois Íosta

Mhol an Grúpa nár cheart iarratais a ghlacadh ach amháin ó dhaoine a bhí 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

⁴ Hammarberg, T. (2009), 'CommDH/Issue Paper: Human Rights and Gender Identity', Comhairle na hEorpa, Strasbourg. (<https://wcd.coe.int/wcd/ViewDoc.jsp?id=1476365>)

3.3.2 Cónaitheoirí Éireannacha

Mhol an Grúpa nár cheart iarratais a ghlacadh ach amháin ó:

- ♣ daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn, nó
- ♣ daoine a bhfuil a mbreith cláraithe in Éirinn.

3.3.3 Critéir Eile

Lorgaíodh aighneachtaí, leis, ar chritéir cháilitheachta eile a d'fhéadfadh a bheith bailí – mar shampla:

- ♣ Ar cheart daoine atá i bpósadh nó i bpáirtnéireacht shibhialta láithreach a bheith fágtha as an áireamh?

3.3.4 Freagairtí

Aois Íosta

Bheadh eagraíochtaí áirithe sásta le haois íosta de 18 mbliana i gcás daoine a dhéanfadh iarratas ar dheimhniú um aithint inscne ach mhol siad i gcás ina raibh duine óg fáthmheasta mar dhuine trasinscnithe agus go raibh sé nó sí ag maireachtáil "sa ról" ar feadh tréimhse roimh 18 mbliana d'aois a bheith bainte amach, go gcuirfí é sin san áireamh chun aon riachtanas maidir le maireachtáil sa ról a chomhlíonadh. Dúradh in aighneachtaí eile gur céim ar gcúl i gcearta dlí daoine óga in Éirinn a bheadh in aon eisiámh de dhaoine faoi 18 mbliana d'aois ón bpróiseas um aithint inscne. Ábhar inní ab ea é, leis, an t-idirdhealú a bhíonn le sárú ag daoine óga faoi 18 mbliana d'aois atá ag athrú nó a bhfuil an t-athrú déanta acu. Féadfaidh daoine óga trasinscne toiliú do chóireáil liachta nó dul faoin scian ón uair go mbíonn siad 16 bliana d'aois, agus mar sin d'fhéadfaidís a bheith gan stádas dlíthiúil dá dtabharfaí aois íosta de 18 mbliana isteach.

Moladh i roinnt aighneachtaí aonair gur cheart a bheith solúbtha faoin aois aitheanta toisc go bhfuil daoine ag ceistiú a bhféiniúlacht inscne ag aois níos óige anois ná riamh. Moladh chomh maith go dtabharfadh pé reachtaíocht a cheapfaí aird ar conas déileáil leis an méadú i gcásanna mar a léiríonn leanaí réamhchaitheacha comharthaí de GID. Dúradh in aighneacht amháin, leis, gur cheart aird ar leith a thabhairt ar chritéar na haoise íosta i gcás leanaí idirghnéasacha. Is minic a fháthmheastar staid idirghnéasach le linn caitheachais.

Cónaitheoirí Éireannacha

Moladh in aighneachtaí éagsúla gur cheart an téarma “gnáthchónaí” in Éirinn a leathnú chun go bhféadfaí lucht iarrtha tearmainn, dídeanaithe nó imircigh eile a áireamh air. Moladh, leis, go mbeadh sé de cheart ag trasghnéasaigh a bhfuil aitheantas faighte acu dá n-inscne roghnaithe i dtír eile iarratas a dhéanamh ar aitheantas in Éirinn gan an nós imeachta measúnaithe iomláin a bheith le comhlíonadh acu.

Fáiltíodh roimh chritéar an “ghnáthchónaí” in aighneacht amháin toisc go n-áirithíonn sé go mbeidh teacht ag an líon mór daoine a chónaíonn in Éirinn ach nach náisiúnaigh Éireannach iad ar na cearta a bheidh sa reachtaíocht bheartaithe. Ach taispeánadh, leis, go bhféadadh catagóir iarratasóirí amháin a bheith eisiata faoi na critéir a luadh, is í sin daoine ó lasmuigh den Stát a bhfuil aitheantas faighte acu

dá bhféiniúlacht inscne roghnaithe ina dtír bhaile nó i dtríú tír. Maolú míchuí óna gcearta mar dhaoine a bheadh ann iarraidh ar na daoine sin dul trí phróiseas um aithint dhlíthiúil.

3.4. Critéir Eile

Bhí sé le rá i ngach aighneacht nach mór a fuarthas ó eagraíochtaí nár cheart daoine a bhí i bpósadh nó i bpáirtneireacht sibhialta láithreach a eisiamh ó iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú um Aithint Inscne. Dúradh nár cheart go mbeadh aon bhaint ag aithint inscne le stádas pósta agus go bhféadfaí agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh na scéime faoi Airteagal 41 de Bhunreacht na hÉireann dá nglacfaí eisiamh dá shórt. Dúradh, leis, in aighneacht amháin gur líon fíorbheag daoine a bheadh i gceist agus nach dtabharfadh sé pósadh comhghnéis isteach tríd an gcúldoras toisc nach bhféadfadh daoine bheith sa riocht seo ach i gcás ina raibh siad mar pháirtí cheana féin i bpósadh heitrihnéasach ina bhfuair páirtí amháin inscne eile níos déanaí.

Dúradh sna haighneachtaí ar fad ó dhaoine aonair nár cheart daoine atá i bpóstaí ná i bpáirtneireachtaí sibhialta láithreacha a eisiamh ón scéim. Taispeánadh go bhféadfaí moill mhíchuí a chur ar eisiúint teastas breithe nua dá nascfaí an ceart sin leis an riachtanas a bheith colscartha, toisc nach féidir le lánúin colscaradh a fháil nó go mbíonn siad scartha le breis is ceithre bliana.

3.5 Critéir Ghhlacthachta

Agus cinneadh á dhéanamh aige, beidh méid áirithe fianaise de dhíth ar an Aire nó ar an gcomhlacht cinnteoireachta go bhfuil fíorathrú déanta nó á dhéanamh ón inscne bhunaigh go dtí an inscne roghnaithe.

Lorg an Grúpa aighneachtaí mar gheall ar an bhfianaise a bheadh de dhíth ó iarratasóir.

3.5.1 Freagairtí

Dúradh in aighneachtaí éagsúla ó eagraíochtaí gur cheart go mbeadh an fhianaise riachtanach ar aon dul leis a bhfianaise a lorgaítear sa Ríocht Aontaithe – .i. fianaise ó bheirt lia-chleachtóir go bhfuil Neamhord Féiniúlachta Inscne ar an iarratasóir agus go bhfuil sé nó sí meáite ar mhaireachtáil ina inscne nó ina hinscne fhaighte mar aon le fianaise go bhfuil an iarratasóir ag maireachtáil chomh fada agus is féidir san inscne fhaighte le tréimhse d'fhad áirithe. Dúradh i roinnt aighneachtaí eile gur cheart go mba leor mar fhianaise mionnscríbhinn ó iarratasóir ina ndéarfaí go raibh sé ar intinn athrú a dhéanamh ar a fhéiniúlacht nó a féiniúlacht inscne mar aon le doiciméad tacaíochta ó ghairmí sa tseirbhís sláinte a chuirfeadh i bhfios go raibh GID, Diasfóiria Inscne nó staid idirghnéasach ar an duine. Moladh i bhformhór na n-aighneachtaí gan é a bheith ina choinníoll an t-iarratasóir a bheith tar éis dul faoin scian.

Moladh in aighneacht amháin ó dhuine aonair gur cheart go mbeadh ar dhuine fianaise liachta a sholáthar ó dhochtúir teaghlaigh go ndearnadh GID a fháthmheas ina leith agus ó mháinlia go ndearnadh máinliacht athshannta inscne orthu. Ba cheart iarratais a ghlacadh, leis, ó dhaoine nach féidir leo, ar chúiseanna sláinte, máinliacht iomlán athshannta inscne a bheith acu. Ach dúradh i bhformhór na n-aighneachtaí gur den riachtanas é gan réamhchoinníoll a dhéanamh de chóireáil mhíochaine chun inscne a bheith aitheanta faoi dlí.

3.6 An Próiseas Cinnteoireachta

Lorg an Grúpa aighneachtaí ar an gcineál próisis chinnteoireachta a bhí riachtanach. B'iad na roghanna a bhí ar fáil:

- **Samhail Bhreithiúnach nó Cúirte** ina ndéanfadh iarratasóirí iarratas chuig cúirt láithreach a d'ainmneofaí, agus
- **Samhail Painéil Reachtúil** ina gceapfaí painéal neamhspleách saineolaithe faoin reachtaíocht chun cinntí um aithint inscne a dhéanamh.

3.6.1 Freagairtí

Moladh i bhformhór na n-aighneachtaí gur cheart iarratais a bheith breithnithe ag painéal nó binse neamhspleách seachas ag córas na gcúirteanna – cé gur tarraingíodh anuas roinnt ceisteanna mar gheall ar chomhdhéanamh agus ar roghnú aon phainéil dá shórt. Moladh i roinnt aighneachtaí nár cheart táille a ghearradh as iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú um Aithint Inscne.

Dúradh in aighneachtaí ó roinnt daoine aonair gurbh fhearr painéal reachtúil chun cinntí um aithint a dhéanamh – cé go raibh inní ar dhaoine áirithe go bhféadfadh go ligfeadh daoine a cheapfaí ar phainéal dá gcreideamh nó dá gclaonadh pearsanta tionchar a imirt ar chinneadh um aithint dhlíthiúil a dheonú.

3.7 Deimhniú um Aithint Inscne agus Taifeadadh Sonraí

Mhol an doiciméad comhairliúcháin na nósanna imeachta seo a leanas maidir leis an bpróiseas a leanfadh an cinneadh um aithint:

- ✦ Eiseoidh an tAire nó an comhlacht cinnteoireachta Deimhniú um Aithint Inscne don iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi.
- ✦ Aithneofar an inscne nua ó dháta eisiúint an Deimhnithe um Aithint Inscne. Ní dhéanfar difear do chearta an duine ina inscne nó ina hinscne bhunaidh roimh dháta na haitheanta, dá fhreagrachtaí nó dá freagrachtaí ná d'iarmhairtí aon ghníomhartha san inscne sin.
- ✦ Gach Deimhniú ar Aithint Inscne a eiseofar, cuirfear in iúl é don Chláraitheoir, Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO).
- ✦ Ní dhearnadh aon chinneadh fós faoi fhógra a chur chuig comhlachtaí oifigiúla eile.
- ✦ Beidh ar GRO clár faoi rún a choimeád ina mbeidh ainm gach duine a n-aithneofar a inscne nó a hinscne fhaighte.
- ✦ I gcás daoine a bhfuil a mbreith cláraithe le GRO cheana féin, bheadh an t-iarratasóir rathúil i dteideal teastas breithe nua, ach é a iarraidh, ina luafá an inscne nua agus aon athruithe riachtanacha eile.
- ✦ Bheadh an teastas seo do-aitheanta ón ngnáth-theastas breithe.

- ⤴ Ní dhéanfaidh sé aon difear don iontráil bhunaidh i gclár na mbreitheanna iontráil bhreithe a bheith déanta i gclár a choimeádtar chun críocha aithint inscne.
- ⤴ Teastas breithe nua ina luaitear an inscne nua, ní chuirfidh sé an teastas breithe bunaidh ar neamhní. Féadfar úsáid a bhaint as an dá theastas agus beidh siad araon bailí de réir dlí.

Lorg an Grúpa aighneachtaí ar na moltaí sin.

3.7.1 Freagairtí

Dúradh i roinnt freagraí ó eagraíochtaí gur údar inní dóibh é an iontráil bhunaidh breithe a bheith fós i gclár na mbreitheanna. Moladh go dtiocfadh aon teastas nua roimh an teastas breithe bunaidh agus gur cheart an teastas breithe nua a úsáid i ngach cás gan tagairt a dhéanamh don teastas bunaidh. Ba cheart an teacht céanna a bheith ar theastais bhreithe bunaidh agus atá faoin gClár Uchtála. Dúradh, leis, gur cheart teastais nua a eisiúint gan mhoill.

Mhol formhór na n-aighneachtaí ó dhaoine aonair an teastas breithe nua a theacht roimh an teastas bunaidh agus an teastas bunaidh a shéalú ionas nach mbeadh sé ar fáil lena úsáid feasta. Ba cheart aithris a dhéanamh ar stíl an teastais bhunaidh sa teastas nua. Dúradh in aighneacht amháin go raibh locht ann féin ar ainm agus ar inscne an iarratasóra ar an teastas bunaidh agus dá réir sin gur cheart é a chur ar neamhní – nár dhoiciméad stairiúil é toisc an fhaisnéis air a bheith mícheart. Tarraingíodh an cheist anuas in aighneacht amháin cibé an bhfuil gá le Deimhniú ar Aithint Inscne.

3.8 Ceisteanna Eile

In aighneachtaí áirithe a rinne daoine aonair agus eagraíochtaí i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin, tarraingíodh anuas nithe nach raibh faoi chuimsiú na reachtaíochta a iarradh ar an nGrúpa comhairle a sholáthar ina leith. Orthu sin bhí:

- a leordhóthanaí atá an reachtaíocht in aghaidh idirdhealú agus an reachtaíocht comhionannais go háirithe i gcás daoine trasghnéasacha atá ag déanamh an athraithe.
- teacht ar sheirbhísí sláinte agus tacaíochta do thrasghnéasaigh;
- tacaíochtaí do dhaoine óga sna scoileanna agus in eagraíochtaí spóirt agus eile, agus
- teastais oideachais a eisiúint comhlachtaí oifigiúla.

3.9 Achoimre

Fáiltíodh i ngach aighneacht dá bhfuarthas roimh an tionscnamh foráil a dhéanamh chun inscne athraithe daoine trasghnéasacha a aithint go hoifigiúil. Agus i bhformhór mór na n-aighneachtaí bhíodhas i bhfabhar an bhreac-chuntais a tugadh ar an scéim bheartaithe agus ar na prionsabail threoracha a bhí glactha ag an nGrúpa. Ach bhraith daoine áirithe gur cheart prionsabal cuimsithe a ghlacadh le soláthar a dhéanamh do phobal trasinscne is leithne ná sin.

Moladh in aighneachtaí áirithe don scéim freastal, leis, ar dhaoine idirghnéasacha atá ag maireachtáil in inscne nach í an inscne a sannadh dóibh ag a mbreith.

Maidir leis na critéir cháilitheachta, bhíothas sásta a bheag nó a mhór leis an aois íosta de 18 mbliana, ach iarradh, leis, go ndéanfaí freastal éigin ar dhaoine óga a dhéanann an t-athrú fad a bhíonn siad sna déaga. Moladh in aighneachtaí eile go bhféadfadh an tréimhse cháiliúcháin maidir le “maireachtáil sa ról” tosú ag 16 bliana.

Bhí comhaontú ann maidir leis na riachtanais chónaitheachta atá beartaithe – ach d’áitigh cúpla duine gur cheart lucht iarrtha tearmainn agus inimircigh eile a bheith ar áireamh sa scéim.

An mhórchéist ba chonspóidí ná cibé ar cheart daoine a bhí i bpósadh bailí láithreach a eisiamh ón scéim. Na haighneachtaí sin inar léiríodh tuairim faoin gceist seo, bhíothas d’aon ghuth nár cheart daoine pósta a eisiamh.

Bhí raon tuairimí ann mar gheall ar na critéir ghlacthachta atá beartaithe agus an fhianaise a bheadh le soláthar ag an iarratasóir. Bhraith daoine áirithe gur cheart na critéir a bheith bunaithe go daingean ar fháthmheas míochaine nó meabhairshláinte, bhí daoine eile a bhraith gur stiogma é do thrasghnéasaigh béim mhíchuí a bheith leagtha ar chúrsaí leighis. Bhí daoine áirithe in aghaidh an téarma “trasghnéasach” toisc gur leag sé béim ar roghanna gnéasacha seachas ar fhéiniúlacht inscne. Moladh i bhformhór na n-aighneachtaí gan é a bheith ina choinníoll an t-iarratasóir a bheith tar éis dul faoin scian.

Bhíothas ar aon fhocal i gcoitinne nach foláir don iarratasóir intinn shocráithe a léiriú go bhfuil i gceist mairachtáil san inscne roghnaithe ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol agus gur cheart tréimhse thástála a cheapadh maidir le mairachtáil go lánaimseartha san inscne sin.

Bhíothas ar aon fhocal, leis, gur cheart gur painéal neamhspleách a bhunófaí faoin reachtaíocht atá beartaithe a bheadh sa chomhlacht cinnteoireachta.

Maidir le ceist an teastais bhreithe leasaithe, d’áitigh formhór na bhfreagróirí an iontráil bhreithe a cheilt ar an bpobal i gcoitinne agus teastas nua a chur in áit an teastais bhunaidh. Údar imní eile ab ea an gá atá le rúndacht sonraí pearsanta agus stair inscne a chosaint.

CAIBIDIL 4:

Aithint Inscne san AE agus i dTíortha eile agus ag Comhlachtaí Idirnáisiúnta

4.1 Faoi Mar atá Cúrsaí i dTíortha Eile

Rinne an Grúpa athbhreithniú ar na córais reachtacha agus riaracháin um aithint inscne i dtíortha Eorpacha agus i dtíortha eile ina labhraítear Béarla agus ar fhorbairtí i ngníomhaireachtaí Eorpacha agus i ngníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe a bhfuil an cúram orthu monatóireacht a dhéanamh ar cheisteanna maidir le cearta an duine agus na ceisteanna sin a chur ar aghaidh. Cuirtear achoimrí de chásanna cúirte a bhaineann le hábhar i láthair, leis.

4.2 Ballstáit an AE

Is éagsúil go mór na creata dlíthiúla i mBallstáit an AE faoina gcoimeádtar cláir oifigiúla d'aitheantas pearsanta. Tíortha a choimeádann cláir dhaonra, ní dhéanann siad ach an inscne a athrú ar thairfead an duine sa bhunachar sonraí agus féadfaidh siad cárta aitheantais nua a eisiúint. Is lú tábhacht a ghabhann le teastais bhreithe i dtíortha áirithe ná a chéile.

Déileálann tíortha áirithe leis an gceist sna cúirteanna, tíortha eile tá próisis riaracháin acu chun inscne athraithe a aithint – ag an leibhéal áitiúil, go hiondúil. Is cosúil go bhfuiltear ag bogadh i dtreo shimpliú na bpróiseas. Tá brúgrúpaí áirithe ann ar mian leo féindearbhu agus féindeimhniú a bhaint amach agus níor tugadh ceachtar díobh sin isteach in aon tír go fóill, chomh fada agus is eol don Ghrúpa.

I gcoitinne is sna tíortha sin ba thúisce a thug isteach nósanna imeachta um aithint athrú inscne is déine atá na critéir inghlacthachta – m.sh. coinníoll maidir le dul faoi scian, neamhthorthúlacht san inscne bhunaidh, agus cóireáil hormón. Na tíortha sin a ghlac nósanna imeachta níos déanaí, nó a rinne mionathruithe ar na riachtanais le deireanas, dealraíonn siad a bheith ag maolú na gcritéar de réir a chéile, go háirithe faoi mar a bhaineann sé le dul faoin scian nó cóireáil hormón, ar choinníoll go bhfuil fianaise bhailí eile ann ar athrú inscne agus ar na cúiseanna leis an athrú sin.

Ní hionann an cinneadh i ngach tír cibé an féidir athrú inscne a aithint i gcás duine pósta. Is gnách do thíortha nach dtugann aitheantas do phósadh comhghnéis coinníoll a bheith acu nach féidir le hiarratasóirí ar aithint inscne athraithe a bheith pósta. Rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, i gcás Briotanach, go bhfuil sé de cheart ag Ballstáit gan aitheantas a thabhairt do dhaoine atá i bpósadh bailí, go háirithe má fhoráiltear le haghaidh páirtnéireacht shibhialta sa Stát sin.

Tugtar thíos tábla ina n-achoirítear na pointí is tábhachtaí i scéimeanna roghnaithe de chuid an Aontais Eorpaigh um aithint inscne.

Achoimre ar Scéimeanna um Aithint Inscne i rogha Ballstát de chuid an AE

Tír	An intinn maireachtáil san inscne eile	Triail fhíorshaoil	Fáthmheas diasfóirias inscne	Cóireáil hormón/oiriúnú fisiciúil	Ordú on gcúirt	Tuairim liachta	Máinlicht ghinitiúil as a dtáinig steiriliú	Daoine pósta a bheith eisiata
An Ostair	√	√	√	√	-	√	Bainte (cinneadh ón gcúirt)	Bainte (cinneadh ón gcúirt)
An Bheilg	√	-	-	√	-	√	√	-
Poblacht na Seice	√	√	√	√	-	√	√	√
An Fhionlainn	√	√	√	-	-	√	√	√
An Fhrainc	-	-	√	√	√	√	√	√
An Ghearmáin	√	-	√	√	√	√	√	Bainte (cinneadh ón gcúirt agus dlí)
An Ungáir	-	-	-	-	-	√	-	√
An Iodáil	-	-	√	√	√	√	√	√
An Ísiltír	√	√	√	√	√	√	√	-
An Pholainn	-	-	-	√	√	√	√	√
An Phortaingéil	√	-	√	√	√	√	√	-
An Spáinn	-	-	√	√	-	√	-	-
An Ríocht Aontaithe	√	√	√	-	-	√	-	√

Foinse: Oiriúnaithe ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2010), ‘*Homophobia, Transphobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation and Gender Identity*’, Vín, lgh. 16-17.

4.3 Tíortha ina labhraítear Béarla

Is ionann a bheag nó a mhór na scéimeanna sna tíortha ina labhraítear Béarla ach riachtanas le haghaidh aitheantais is ea é ina bhformhór an t-iarratasóir a bheith tar éis dul faoin scian nó cóireáil mhíochaine a bheith faighte aige nó aici. Tá an scéal níos casta fós mar gheall ar struchtúr feidearálach na dtíortha is mó – is iad sin na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Astráil.

4.4 Cás-Dlí Eorpach

Tá dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le cearta trasghnéasach tar éis fabhrú in

imeacht na mblianta agus tábhacht nach beag leis.

Tháinig an chéad chás trasghnéasach os comhair na Cúirte sa bhliain 1979 agus sna blianta ina dhiaidh sin rinne roinnt daoine trasghnéasacha iarratas chuig an gCúirt ar fhaoiseamh faoi airteagail 8 (an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh), 12 (an ceart chun pósadh) agus 14 (in aghaidh idirdhealú) de chuid an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine.

I ngach cás dá shórt, nach mór, lorg na hiarratasóirí teastas breithe nua nó leasaithe a thaispeánfadh an inscne fhaighte agus an t-ainm athraithe agus a dhearbhódh a gceart chun pósadh san inscne nua.

Níor éirigh le formhór na gcéad chásanna dá shórt ach leag an Chúirt béim ar a thábhachtaí a bhí sé na deacrachtaí a bhí le sárú ag trasghnéasaigh a choimeád faoi athbhreithniú. Dá thoradh sin, laghdaigh an “corrlach measa” sna Ballstáit de réir a chéile go dtí an uair ar tugadh cinneadh stairiúil na Cúirte in *Goodwin*.

Is féidir fabhrú an dlí a fheiceáil sna cásanna seo a leanas:

Rees v United Kingdom (1987) 9 EHRR 56

Mhaígh an t-iarratasóir, trasghnéasach ó bhaineannach go fireannach, gur sháraigh dlí an RA maidir le clárú breitheanna agus póstaí airteagail 8 agus 12 den Choinbhinsiún.

Ba é seasamh na Cúirte:

- cé gurb é bunchuspóir airteagal 8 an duine aonair a chosaint ar chur isteach míchuí ó údaráis phoiblí, d’fhéadfadh sé go mbeadh oibleagáidí dearfacha i gceist le meas éifeachtach ar an saol príobháideach, cé go mbeadh sé faoi réir chorrlach measa an Stáit;
- ní fhéadfaí féachaint ar dhiúltú chun iontráil bhunaidh a athrú, nó chun teastas breithe nua ceartaithe a eisiúint, mar chur isteach dá shórt;
- ní raibh coincheap an “mheasa” ar an saol príobháideach, go háirithe maidir le hoibleagáidí dearfacha, glansoiléir, agus ag féachaint d’éagsúlacht na gcleachtas ar fud na Stát Conarthach, beidh éagsúlacht idir na riachtanais ó chás go cás;
- fianaise ar an éagsúlacht sin i gcleachtas ab ea é go raibh córais dlíthiúla, bhreithiúnachta agus/nó riaracháin ag mórchuid Stát trína bhféadfadh trasghnéasaigh a stádas pearsanta a ailíniú lena stádas faighte. Ach bhí na coinníollacha faoina bhféadfaí é sin a dhéanamh éagsúil go maith, leis. Dá bhrí sin ba bheag a bhí i bpáirt ag na córais agus mar sin ‘corrlach measa’ leathan a bhí ann;
- agus cinneadh á dhéanamh cibé an raibh oibleagáid dhearfach ann nó nach raibh, caithfear féachaint don chothroime a chaithfear a bhaint amach idir leas ginearálta an phobail agus leas an duine aonair.

Thug an Chúirt dá aire go raibh iarracht déanta ag na húdaráis chun riachtanais phraiticiúla an iarratasóra a fhreastal go réasúnta agus níor measadh gur cheart iarraidh ar an RA córas nua clárúcháin a ghlacadh. Dá réir sin chinn sé nár sáraíodh airteagal 8.

Maidir le hairteagal 12, ba é seasamh na Cúirte gur thagair an ceart chun pósadh, faoi mar a foráladh dó san airteagal sin, do phósadh traidisiúnta idir dhaoine nach den inscne céanna iad. Dá réir sin cinneadh nár sáraíodh airteagal 12.

Cossey v United Kingdom (1991) 13 EHRR 622

Díríodh ar mhórchesteanna den chineál céanna in *Cossey*, mar ar ghearáin an t-iarratasóir, trasghnéasach fireannach go baineannach, gur sárú ar airteagail 8 agus 12 a bhí sa teip cead a thabhairt di fireannach a phósadh.

Chloígh an Chúirt leis an gcinneadh a rinneadh níos luaithe in *Rees*. Cé gur thug an Chúirt roinnt forbairtí ó chás *Rees* dá aire, ní nocht siad aon nithe i bpáirt go fírinneach ag na Stáit Chonarthacha i dtaobh na mórcheste. Bhí cleachtais éagsúla ann fós. I gcúinsí mar sin mheas an Chúirt nach mbeadh imeacht óna chinneadh in *Rees* inchosanta.

B v France (1992) 16 EHRR 1

Go dtí gur thug an Chúirt a cinneadh in *Goodwin*, ba é seo an t-aon chás mar ar chinn an Chúirt gur sáraíodh Airteagal 8 maidir le daoine trasghnéasacha. Rinne an Chúirt idirdhealú idir *Rees* agus *Cossey* ar na forais gur mhó a bhí idir an córas Francach ar caitheadh droch-chlú ar a ainm sa chás seo agus an córas a bhí i gceist in *Rees* agus *Cossey*.

Mar sin féin, i ngeall ar ghnéithe ar leith den chóras Francach i gceist (d'fhéadfaí teastais bhreithe a leasú le hordú cúirte, cuir i gcás, níor cheadaigh an dlí don iarratasóir a hainm a athrú agus ba mhinic a bhí deacrachtaí aici nuair a sholáthair sí doiciméad oifigiúla), ní raibh tionchar forleathan ag an gcás seo ar chás na dtrasghnéasach i Stáit eile.

Sheffield and Horsham v United Kingdom (1999) 27 EHRR 163

Tugadh cuireadh an athuair don Chúirt cinneadh a dhéanamh gur theip ar an RA a hoibleagáidí dearfacha a chomhlíonadh chun meas a áirithiú ar shaol príobháideach iarratasóirí nuair nár aithin siad inscne nua an iarratasóra.

Ach dhiúltaigh an Chúirt *Rees* agus *Cossey* a aisiompú, agus chinn siad nach ndearnadh aon fhorbairt shuntasach i réimse na heolaíochta míochaine le deich mbliana anuas a thabharfadh údar le himeacht ó chinntí a rinne siad roimhe sin. Chinn an Chúirt, leis, tar éis treochtaí na reachtaíochta ar fud na hEorpa a scrúdú, nach raibh aon fhianaise ann ar chur chuige Eorpach comhchoiteann i leith na bhfadhbanna a thagann d'aitheantas dlíthiúil a thabhairt do stádas inscne iar-obraíde.

D'athdhearbhaigh an Chúirt, áfach, nár mhór do na Stáit an réimse seo a choimeád faoi athbhreithniú.

Goodwin v United Kingdom (2002) 35 EHRR 447

Céim mhór chun cinn ab ea an breithiúnas sin, inar chinn an Chúirt gur sáraíodh cearta trasghnéasaigh faoi airteagail 8 agus 12 den Choinbhinsiún nuair a theip uirthi foráil d'inscne nua an iarratasóra a bheith aitheanta go dlíthiúil.

Thagair an Chúirt dá chinntí roimhe sin in *Rees* agus *Cossey* agus thug sí dá haire nach mbeadh sé chun leasa cinnteacht dhlíthiúil imeacht óna chinntí roimhe sin gan cúis mhaith, cé nach raibh sé faoi cheangal go foirmiúil ag cinntí a rinne sí roimhe sin. Ba é seasamh na Cúirte, áfach, go gcaithfeadh an Choinbhinsiún féachaint do choinníollacha a bhí ag athrú laistigh de Stáit Chonarthacha ós rud é gur córas é an Choinbhinsiún ar an gcéad dul síos a ceapadh le cearta an duine a chosaint.

Thug an Chúirt dá aire go raibh fianaise shoiléir neamhchonspóidithe ann de threocht leanúnach idirnáisiúnta i bhfabhar inghlacthacht shóisialta níos mó a bheith ag trasghnéasaigh agus ina theannta sin aitheantas dlíthiúil a thabhairt d'fhéiniúlacht nua trasghnéasach atá tar éis dul faoin scian.

Thug an Chúirt dá aire go raibh béim leagtha aige arís agus arís eile ar a thábhachtaí atá sé an gá atá le beartas cuí dlíthiúil a choimeád faoi athbhreithniú agus chinn sé nach bhféadfadh an RA a mhaíomh níos mó go raibh an t-ábhar laistigh dá chorrlach measa, ach amháin faoi mar a bhain sé leis an modh cuí chun cearta faoi airteagal 8 a aithint.

Ba é tuairim dheiridh na Cúirte gur chlaon an chothromaíocht is cuid dhílis den Choinbhinsiún i bhfabhar an iarratasóra ós rud é nach raibh aon tosca suntasacha leasa phoiblí le cur sa mheá in aghaidh leas an iarratasóra in aitheantas a fháil dá hathshannadh inscne. Dá réir sin, chinn an Chúirt gur sáraíodh a cearta faoi airteagal 8 nuair a theip ar an RA a hinscne iarobráide a aithint.

Maidir lena ceart chun pósadh faoi airteagal 12, chinn an Chúirt nach bhféadfaí talamh slán a dhéanamh de níos mó gurb iad critéir bhitheolaíocha amháin a chinneadh míniú na dtéarmaí sin, cé gur thagair an t-airteagal go sainráite do cheart fir agus mná chun pósadh. Chinn an Chúirt gur sriantacht é a rinne díobháil do bhunbhrí cheart an iarratasóra chun pósadh gnéas a bheith sannta faoin dlí náisiúnta de réir an ghnéis a cláraíodh ag an mbreith.

Ba é tuairim dheireanach na Cúirte nach bhféadfadh sé a bheith inchosanta ceart chun pósadh a dhiúltú ar thrasghnéasach i dtosca ar bith, cé gur gnó do na Stáit a bhí ann na coinníollacha a chinneadh faoina n-aithneofaí inscne nua trasghnéasaigh, mar aon leis na coinníollacha faoina dtiocfadh póstaí roimhe sin chun bheith neamhbhailí agus na foirmiúlachtaí a bhainfeadh le haon phósadh feasta.

Dá réir sin chinn an Chúirt gur sáraíodh airteagail 8 agus 12 den Choinbhinsiún.

*Parry & Parry v United Kingdom (Application 42971/05)*⁵

Iarratasóirí pósta a bhí i gceist san iarratas seo. Trasghnéasach ó fhireannach go baineannach a bhí sa chéad iarratasóir. Rinne na hiarratasóirí gearán, inter alia, gur sárú ar airteagail 8 agus 12 den Choinbhinsiún a bhí san fhoráil in Gender Recognition Act 2004 an RA nach féidir deimhniú um aithint inscne a eisiúint do dhuine pósta.

Thug an Chúirt dá haire gur tháinig an riachtanas go gcuirfeadh na hiarratasóirí a bpósadh ar neamhní den staid i ndlí Shasana a fhágann nach gceadaítear pósadh ach idir dhaoine d'inscní difriúla. Thug an Chúirt dá haire, leis, go bhféadfadh na hiarratasóirí leanúint den ghaol eatarthu agus stádas dlíthiúil a

⁵ Thug an Chúirt breithiúnas in *R & F v United Kingdom, Application 35748/05*, inar cuireadh dúshlán den chineál céanna faoin staid faoi dhlí na hAlban, ar an aon lá le *Parry*, agus leis an toradh céanna.

thabhairt dó le páirtneireacht shibhialta a bheadh incomparáide le pósadh cé nach ionann iad. Ba é tuairim dheireanach na Cúirte, mar sin, nár léiríodh, i gcás airteagal 8, go raibh éifeachtaí an chórais díreireach agus gur baineadh amach cothromaíocht sna himthosca.

Maidir leis an gceart chun pósadh, ba é tuairim dheireanach na Cúirte gur laistigh de chorrach measa an Stáit Chonarthaigh a bhí sé a shocrú conas torthaí an athraithe inscne a rialú i gcomhthéacs an phósta. Ní fhéadfaí ceangal a chur ar an Stát foráil a dhéanamh le haghaidh an líon beag póstaí mar ar mian leis an dá pháirtneír leanúint ar aghaidh sa phósadh cé go bhfuil duine amháin díobh tar éis a inscne nó a hinscne a athrú.

Chinn an Chúirt gur léir nach raibh aon bhunús faoi éilimh na n-iarratasóirí faoi airteagail 8 agus 12.

4.5 Comhlachtaí Idirnáisiúnta

Tá tionchar ag beartais atá ag éabhlóidiú de chuid comhlachtaí amhail Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ar iarrachtaí na mBallstát chun beartas a cheapadh sa réimse seo. Cé nach reacht ceangailteach é Prionsabail Yogyakarta ar an Dlí um Chearta an Duine a Chur i nGníomh maidir le Treoshuíomh Gnéasach agus Féiniúlacht Inscne' (2007), dearbhaítear ann na caighdeáin dlí a n-áitítear ar gach Stát déanamh dá réir ⁶.

In Iúil 2009 d'fhoilsigh Coimisinéir um Chearta an Duine Chomhairle na hEorpa plépháipéar ar chearta an duine agus féiniúlacht inscne inar díríodh ar roinnt mórcheisteanna ar leith a bhaineann le cearta an duine maidir le féiniúlacht inscne⁷. Go sonrach, áitíodh ann an gá atá le dul faoin scian, steiriliú agus cóireáil mhíochaine éigeantach eile a bhaint mar aon le deireadh a chur leis na sriantachtaí ar cheart daoine trasghnéasacha fanacht i bpósadh láithreach tar éis athrú inscne a bheith aitheanta.

An 31 Márta 2010, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa ráiteas beartais a tugadh do Bhallstáit ar an ngá atá le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar reachtaíocht a bhaineann le hidirdhealú díreach nó indéireach ar fhorais threoshuímh inscne nó fhéiniúlacht inscne.

Gheofar foramharc níos mionsonraithe ar na doiciméid sin in Aguisín 4 leis an tuarascáil seo.

⁶ Grúpa idirnáisiúnta saineolaithe chearta an duine a cheap Prionsabail Yogyakarta. Gheofar téacs iomlán na bPrionsabal ag http://www.yogyakartaprinciples.org/principles_en.htm.

⁷ <https://wcd.coe.int/wcd/ViewDoc.jsp?id=1476365>

CAIBIDIL 5:

Anailís ar Mhórchesteanna agus ar Mholtaí

5.1 Tús Eolais

Sa chaibidil seo leagtar amach an anailís a rinne an Grúpa ar cheithre mhórchéist mar aon leis na tuairimí deireanacha agus na moltaí. Ba iad na príomhcheisteanna a scrúdaíodh:

- riachtanais cháiliúcháin;
- an comhlacht cinnteoireachta,
- an Deimhniú um Aithint Inscne, agus
- láimhsiú sonraí.

Agus anailís á déanamh ar na mórchéisteanna éagsúla i gceist, chuir an Grúpa san áireamh an t-ionchur ó shaineolaithe agus an comhairliúchán poiblí mar aon leis an athbhreithniú ar scéimeanna um aithint i dtíortha eile, cás-dlí idirnáisiúnta atá ag éabhlóidiú agus an creat reachtach atá i réim in Éirinn.

5.2 Riachtanais Cháiliúcháin

Is é príomhchuspóir na scéime beartaithe um aithint inscne a chumasú do dhaoine a mhaireann go lánaimseartha in inscne nach í an inscne atá cláraithe ar a dtaifid bhreithe aitheantas dlíthiúil a fháil dá n-inscne fhaighte. .

Bhreithnigh an Grúpa na riachtanais cháiliúcháin don scéim. Ba iad seo a leanas na príomhriachtanais a breithníodh:

- cónaí/breith a bheith cláraithe in Éirinn;
- aois íosta;
- stádas pósta agus páirtnéireachta sibhialta;
- athrú buan;
- triail fhíorshaoil, agus
- critéir mhíochaine

5.3 Cónaí/Breith a bheith Cláraithe in Éirinn

Sa doiciméad comhairliúcháin phoiblí, mhol an Grúpa go nglacfaí le hiarratais ó:

- ✦ daoine a bhfuil a mbreitheanna cláraithe in Éirinn;
- ✦ daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn.

Maidir leis an téarma “breitheanna cláraithe in Éirinn”, d’aontaigh an Grúpa go gcuimsíonn an téarma na breitheanna sin a chláraítear le hOifig an Ard-Chláraitheora (GRO) chomh maith leo siúd atá cláraithe i gClár na mBreitheanna sa Choigríoch a choimeádann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Tá ag an téarma “gnáthchónaí” an gnáthchiall atá aige i reachtaíocht agus i gcleachtas riaracháin in Éirinn.

5.3.1 Moladh

Tar éis na mórcheisteanna agus na tuairimí a cuireadh ar aghaidh a scrúdú, molann an Grúpa gur cheart na daoine seo a leanas a bheith i dteideal cur isteach ar Dheimhniú um Aithint Inscne:

- ✦ ***daoine a bhfuil a mbreitheanna cláraithe le GRO;***
- ✦ ***daoine atá cuimsithe i gClár na mBreitheanna sa Choigríoch arna choimeád ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus***
- ✦ ***daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn.***

5.4 Aois Íosta

Ina dhoiciméad comhairliúcháin, mhol an Grúpa nár cheart iarratais a ghlacadh ach amháin ó dhaoine a bhí 18 mbliana d'aois nó os a chionn. Is ionann sin agus an cleachtas i dtíortha eile. Cuireadh tuairimí éagsúla ar an ábhar sin in iúl sa phróiseas comhairliúcháin.

Dúradh sna haighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí áirithe go mbeidís i bhfabhar an aois íosta de 18 mbliana i gcás daoine a dhéanfaidh iarratas ar Dheimhniú um Aithint Inscne ach mhol siad i gcás ina raibh duine óg fáthmheasta mar dhuine trasinscnithe agus go raibh sé nó sí ag maireachtáil "sa ról" ar feadh tréimhse roimh 18 mbliana a bheith bainte amach, go gcuirfí an tréimhse sin san áireamh chun aon riachtanas maidir le maireachtáil sa ról a chomhlíonadh. Cuireadh an tuairim ar aghaidh i roinnt aighneachtaí eile daoine faoi bhun 18 mbliana a bheith cáilithe chun cur isteach ar aithint inscne. Ábhar inní ab ea é, leis, an t-idirdhealú a bhíonn le sárú ag daoine óga faoi 18 mbliana d'aois atá ag athrú nó a bhfuil an t-athrú déanta acu. Féadfaidh daoine óga trasinscne toiliú do chóireáil liachta nó do dhul faoin scian ón uair go mbíonn siad 16 bliana d'aois, agus mar sin d'fhéadfaidís a bheith gan stádas dlíthiúil dá dtabharfaí aois íosta de 18 mbliana isteach.

Tá fianaise sa litríocht agus ó thíortha eile – go háirithe ó na Stáit Aontaithe agus ón nGearmáin – go bhfuil mionaóisigh ag dul faoi chóireáil le tacaíocht óna muintir chun gur féidir leo maireachtáil san

inscne eile. Ó thaobh na míochaine amháin, simplíonn cóireáil luatha réamhchaitheachais an t-athrú iomlán go dtí an inscne eile ar ball. Is féidir tréithe den chorp a mhionathrú trí dhul faoi chóireáil a choisceann na hormóin nach bhfuil ag teastáil – mar shampla, buachaillí ar mian leo bheith ina gcailíní, ní fhorbróidh siad mar ghnáthfhireannaigh má fhaigheann siad cóireáil a choisceann na hormóin fhireannacha. Is fusa de ghnáth an t-aistriú go corp baineanach a dhéanamh ar ball.

Ach chomhairligh gairmithe meabhairshláinte don Ghrúpa a bheith fíorchúramach faoi aon laghdú a dhéanamh ar an aois íosta cháiliúcháin. Tá fianaise sa litríocht i gcás mionaoiseach a lorgaíonn athrú inscne gur minic a athraíonn siad a n-intinn tar éis dóibh aosacht a bhaint amach. Chomhairligh gairmí meabhairshláinte amháin gur cheart suas le trí bliana de shíneadh a chur leis an tréimhse maireachtála sa ról i gcás daoine atá 18 mbliana d'aois nuair a dhéantar an t-iarratas.

Rogha amháin a bhreithnigh an Grúpa ná glacadh le hiarratais ó dhaoine a bhí 16 bliana d'aois a d'fhéadfadh díolúine a lorg, le cead a dtuismitheoirí, ón aois íosta de 18 mbliana ó Chúirt Dúiche faoi mar a fhoráiltear dó, a bheag nó a mhór, san Acht um Chlárú Sibhialta maidir le pósadh mionaoiseach. Ach ní mholann an Grúpa an rogha seo toisc na hagúis atá curtha in iúl ag gairmithe meabhairshláinte ar an ábhar.

5.4.1 Moladh

Molann an Grúpa nár cheart iarratais a ghlacadh ach amháin ó dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

Molann sé, leis, go gcuirfí san áireamh tréimhse a caitheadh ag maireachtáil sa ról roghnaithe roimh 18 mbliana d'aois – ach gur cheart é a shocrú ag uastréimhse dhá bhliain ag tosú ag aois a 16.

Thairis sin, i gcás iarratasóirí a fhéachann le brath ar thréimhse a caitheadh san inscne roghnaithe fad a bhí sé nó sí faoi 18 mbliana d'aois, molann an Grúpa gur cheart don Phainéal um Aithint Inscne fianaise a lorg ón ngairmí óna bhfaigheann an t-iarratasóir cúram meabhairshláinte go raibh an cumas intleachtúil riachtanach ag an iarratasóir ag 16 nó 17 bliana d'aois chun tuiscint a bheith aige nó aici ar nádúr agus ar éifeacht na cóireála a bhí á fáil aige nó aici, agus ar na hiarmhairtí is dócha a bheadh ann mar gheall uirthi. Ba cheart an fhianaise sin a bheith de bhreis ar aon fhianaise liachta a lorgaítear de ghnáth chun tacú le hiarratas ar Dheimhniú um Aithint Inscne. Agus an moladh seo á dhéanamh, is eol don Ghrúpa staid speisialta an mhionaoisigh faoin dlí agus an gá atá le cinntiú go gcosnaítear go leordhóthanach cearta daoine óga a fhéachann le brath ar ghníomhartha a dhéantar fad is mionaoisigh iad.

5.5 Stádas Pósta agus Páirtnéireachta Sibhialta

Bhreithnigh an Grúpa go cúramach an cheist cibé ar cheart iarratais a ghlacadh ó dhaoine atá i bpósadh nó i bpáirtnéireacht sibhialta láithreach. Tagann an cheist chun cinn toisc go ndéantar pósadh comhghnéis nó páirtnéireacht sibhialta idir dhaoine den ghnéas céanna d'aon phósadh nó d'aon pháirtnéireacht sibhialta láithreach más amhlaidh go n-éiríonn le duine i bpósadh nó i bpáirtnéireacht sibhialta láithreach aitheantas dlí a bhaint amach d'inscne athraithe.

Is iomaí tír, lena n-áirítear Éire, nach n-aithnítear pósadh comhghnéis iontu. Tá tíortha ann a dhéanann coinníoll de nach mbeidh iarratasóir ar aithint inscne i bpósadh láithreach. Cáinteann an riachtanas sin ar an ábhar go gcaithfidh lánúin a dteastaíonn uathu fanacht ina bpósadh láithreach tar éis do pháirtí amháin aitheantas a fháil dá inscne nó dá hinscne athraithe rogha a dhéanamh idir an pósadh a neamhniú nó staonadh ó aitheantas oifigiúil a fháil d'inscne athraithe páirtí amháin. Tagann ceisteanna den chineál céanna chun cinn maidir le páirtneireacht shibhialta i gcás nach bhfuil sé ar fáil do lánúin de ghnéasanna difriúla.

Sna freagairtí ar an gcomhairliú poiblí inar cuireadh tuairim in iúl, áitíodh go láidir nach gcuirfí san áireamh stádas pósta an iarratasóra agus cinneadh á dhéanamh chun inscne athraithe a aithint. Áitítear nach bhfuil aon bhaint ag stádas pósta an iarratasóra, seachas fad a bhaineann sé leis an dlí agus le cearta an duine, ar an gcinneadh iarbhír más amhlaidh go sásaítear na critéir eile.

I gcás fhormhór na ndaoine trasinscne a bhí pósta ina n-iarinscne ach atá tar éis athrú go dtí an inscne eile ó shin, beidh an pósadh tar éis cliseadh faoin am gur mian leis an gcéile trasinscne iarratas a dhéanamh ar aithint inscne. Ach chuir freagróirí ar an gcomhairliú poiblí i bhfios agus cuirtear i bhfios ó thaithí i ndlínsí eile, go bhféadfadh líon beag cásanna a bheith ann mar ar mian leis na céilí fanacht le chéile agus leanúint ar aghaidh sa phósadh – ina mbeadh an céile neamh-thrasinscne ag iarraidh cabhrú lena pháirtneir nó lena páirtneir déileáil le heispéireas a d'fhéadfadh a bheith deacair. Bheadh deacracht mhór ag lánúin mar sin dá rithfí foráil a d'fhágfadh nach bhféadfaí inscne an duine athraithe i bpósadh láithreach a aithint – go háirithe ós rud é gur coinníoll é do cholscaradh in Éirinn lánúin a bheith ina gcónaí amach ó chéile le ceithre bliana ar a laghad gan aon ionchas go bhféadfaí teacht ar réiteach.

Agus a mholtaí á mbreithniú, scrúdaigh an Grúpa an méid a cheadaítear laistigh de pharaiméadair an Bhunreacht.

Ní dhéantar foráil i láthair na huair le haghaidh pósadh comhghnéis i ndlí na hÉireann agus mar sin bheadh aon iarracht chun reachtú do phósadh comhghnéis i mbaol ó dhúshlán faoin mbunreacht. Cé nach sainítear é go sonrach sa Bhunreacht, tá cosaint speisialta ag an bpósadh faoi Airteagal 41.3.1, a fhorálann "...Ós ar an bpósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí..."

Tá paraiméadair an phósta i bhfianaise an Bhunreacht sainithe ag an Ard-Chúirt agus ag an gCúirt Uachtarach araon i gcinntí éagsúla – is iad sin (i) *Murray v. Ireland* [1985] IR 532, (ii) *TF v. Ireland* [1995] 1 IR 321, (iii) *DT v. CT* [2003] 1 ILRM 321, (iv) *Zappone and Gilligan v. Revenue Commissioners* (Neamhthuaisricithe, an Ard-Chúirt, 14 Nollaig, 2006) agus (v) *HAAH v. SAA and the Attorney General* (Neamhthuaisricithe, an Ard-Chúirt, 4 Samhain, 2010). Foráiltear sna cásanna sin gur coincheap é "an pósadh", mar a dtagraítear dó sa Bhunreacht, a thuigtear go traidisiúnta mar aontas idir fear amháin agus bean amháin, ar feadh a saoil, i bprionsabal, agus gach duine eile a eisiamh. In *Zappone*, tugadh cuireadh don Ard-Chúirt pósadh comhghnéis Canadach na n-iarratasóirí a aithint. Agus éileamh na n-iarratasóirí á dhíbh, ba é seasamh an Bhreithimh Dunne gurb é an tuiscint ar an bpósadh faoin bhunreacht rud a bhí teoranta do dhaoine d'inscne difriúla agus nach bhféadfadh an Chúirt an pósadh a athshainiú anois le pósadh comhghnéis a chuimsiú ann. Ag féachaint d'fhorálacha Airteagail 41 agus 42 den Bhunreacht, ní fhéadfadh an míniú ar an bpósadh feidhm a bheith aige maidir le lánúin chomhghnéis.

Rinneadh cinntí i ndlínsí eile (sa Ghearmáin agus san Ostair, cuir i gcás) trínar éirigh le dúshlán a cuireadh faoin riachtanas colscaradh a fháil nó an pósadh ina raibh sé nó sí a neamhniú i gcás duine

trasinscne a bhí pósta cheana féin mar réamhchoinníoll lena inscne nó lena hinscne athraithe a bheith aitheanta ar an mbonn gur forálacha iad a sháraigh cearta an duine trasinscne. Ach ní raibh ach baint theoranta ag na cinntí sin le cás na hÉireann. An difríocht is mó ná go gcaithfidh aon togra maidir le cearta duine trasinscne a aithint an seasamh speisialta atá ag an bpósadh faoi Bhunrecht na hÉireann a chur san áireamh. Aithníonn an Grúpa go gcuirfeadh sé anacair ar dhaoine é a bheith de choinníoll a bpósadh a bheith neamhnithe, cé nach mbeadh ach grúpa fíorbheag ann a dteastódh uathu pósadh a bhí ann cheana a choimeád. Bíodh sin mar atá, níor mhór d’aon mholadh a dhéanadh an Grúpa a bheith slán ó thaobh an bhunreachta de.

Ina fhianaise sin, bhreithnigh an Grúpa, leis, staid daoine i bpáirtnéireachtaí sibhialta ar mian leo aitheantas dlíthiúil a fháil dá n-inscne fhaighte. Foráiltear san Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010 le haghaidh catagóir gaoil, ar a dtugtar “páirtnéireacht shibhialta” idir dhaoine den inscne chéanna. I gcás ina n-athraíonn páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta go hinscne eile gan deireadh a bheith curtha leis an bpáirtnéireacht shibhialta, bheadh sé de thoradh ar aitheantas dlí a bheith tugtha don inscne fhaighte beirt d’inscíní difriúla a bheith i bpáirtnéireacht shibhialta. An toradh éifeachtach a bheadh ar chás mar sin ná gaol stát-aitheanta a bheith ann idir dhaoine d’inscíní difriúla nach dtairbheodh den chosaint iomlán a thugtar don phósadh. Mar shampla, d’fhéadfaí páirtnéireacht den sórt sin a neamhniú gan na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 41.3.2 den Bhunrecht a bheith comhlíonta. Ba é tuairim an Ghrúpa go bhféadfaí dúshlán bunreachtúil a chur faoi aon loiceadh ar neamhniú a lorg i gcás páirtnéireacht shibhialta mar réamhchoinníoll d’aithint inscne fhaighte.

Lena chois sin, níl aon chomhthoil ar fud na hEorpa i láthair na huair maidir le stádas póstaí comhghnéis sa mhéid is go bhfuil stáit áirithe ann ina bhforáiltear do phóstaí comhghnéis agus stáit eile nach bhforáiltear. Rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (in *Schalk and Kopf v. Austria, iarratas uimh. 30141/04*) go dtagann rialú an phósta chomhghnéis faoi chuimsiú chorrlach measa na mBallstát agus nach bhfuil aon oibleagáid ar na stáit sin foráil a dhéanamh le haghaidh póstaí comhghnéis.

Thug an Grúpa dá n-aire, leis, gur dhiúltaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine d’éileamh gur sháraigh foráil den chineál chéanna in Gender Recognition Acht, 2004, na Ríochta Aontaithe Airteagail 8 (an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh) agus 12 (an ceart chun pósadh) de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine mar éileamh gurbh fhollasach nach raibh bunús maith leis (in *Parry & Parry v. United Kingdom, iarratas uimh. 42971/05*).

In *Parry*, ba é tuairim dheiridh na Cúirte, maidir le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún, nár riachtanas míréireach é an riachtanas go gcuirfí pósadh láithreach ar neamhní sula n-eiseofaí Deimhniú um Aithint Inscne agus gur dearbhaíodh cothromaíocht idir leas ginearálta an phobail agus leasa an duine aonair. Thug an Chúirt dá haire, go sonrach, go bhféadfadh na hiarratasóirí leanúint dá ngaol agus stádas dlíthiúil a thabhairt dó le páirtnéireacht shibhialta.

Maidir le hAirteagal 12 den Choinbhinsiún, ba é tuairim dheiridh na Cúirte “...tagann an t-ábhar faoi chuimsiú chorrlach measa an Stáit Chonarthaigh maidir le conas éifeachtaí athrú inscne a rialú i gcomhthéacs an phósta... Ní féidir é a cheangal air foráil a dhéanamh le haghaidh an líon beag póstaí mar ar mian leis an dá pháirtí leanúint ar aghaidh beag beann ar an athrú inscne i gcás páirtnéara amháin díobh...”.

Creideann an Grúpa, mar sin, go bhfuil sé ag luí le hAirteagail 8 agus 12 de Choinbhinsiún na hEorpa

um Chearta an Duine foráil a bheith ar áireamh a deir nach féidir inscne fhaighte a aithint go dlíthiúil i gcás duine atá i bpósadh nó i bpáirtnéireacht shibhialta láithreach.

5.5.1 Moladh

Dá réir sin, molann an Grúpa go bhfolóidh na critéir le haghaidh aitheantas dlíthiúil d'inscne fhaighte foráil trínar neamhcheadmhach don iarratasóir bheith pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta.

5.6 Athrú Buan

Glacann an Grúpa gur céim bhunúsach í intinn shoiléir shocraithe a bheith ag duine maireachtáil san inscne roghnaithe ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol i gcás duine ar bith ar mian leis nó léi athrú ó inscne amháin go dtí an inscne eile.

5.6.1 Moladh

Ó thaobh fianaise a chruthódh an intinn sin, molann an Grúpa go n-iarrfaí ar an iarratasóir dearbhú reachtúil a sholáthar d'intinn shoiléir shocraithe maireachtáil san inscne roghnaithe don chuid eile dá shaol nó dá saol (tagraíonn an inscne roghnaithe sa chás seo don inscne nach í an inscne a thaispeántar ar thaifead breithe an iarratasóra). Ba cheart don iarratasóir a dhearbhu, leis, sa dearbhú an tuiscint atá aige nó aici ar na himpleachtaí a ghabhann le hiarratas a dhéanamh ar aitheantas.

5.7 Triail Fhíorshaoil

Féachtar ar thréimhse íosta ‘fhíorshaoil’ ina rabhthas ag maireachtáil go lánaimseartha san inscne roghnaithe mar chritéar riachtanach cáiliúcháin eile. Triail shóisialta agus phearsanta í sin, go bunúsach, trínar féidir leis an té atá ag athrú a fháil amach cibé an bhfuil siad sásta go pearsanta agus go sóisialta san inscne nua.

Céim dheacair í seo, agus de ghnáth bheadh tacaíocht agus comhairleoireacht ag teastáil ó ghairmithe míochaine nó meabhairshláinte. D'fhéadfadh gairmithe nó comhairleoirí míochaine eile a bheith ag soláthar cúraim don duine sa tréimhse seo, ag cur cóireáil hormón air nó uirthi nó ag déanamh maoirsiú ar chineálacha eile cóireála ar nós gruaig a bhaint den aghaidh, mionmháinliacht phlaisteach chun cruth na haghaidhe a athrú agus dul faoi oiliúint in iompar saininscne, cuir i gcás nósanna cainte, siúil agus mar sin de.

5.7.1 Moladh

Aontaíonn an Grúpa nár mhór don iarratasóir a bheith ag maireachtáil go lánaimseartha san inscne nua ar feadh dhá bhliain díreach roimh an iarratas.

Maidir le fianaise de, ba cheart fianaise neamhspleách a lorg go rabhthas ag maireachtáil go lánaimseartha san inscne roghnaithe ar feadh dhá bhliain. Ar fhianaise d'áireofaí athrú inscne agus ainm i ndoiciméid oifigiúla agus i ndoiciméid eile (mar shampla ceadúnas tiomána, pas, cártaí bainc agus creidmheasa), ráitis ó fhinnéithe a bhfuil aithne mhaith acu ar an iarratasóir, srl.

5.8 Critéir Mhíochaine

5.8.1 Neamhord Féiniúlachta Inscne

Agus socrú á dhéanamh céard iad na critéir mhíochaine agus síceolaíocha a chuirfear i bhfeidhm, chuir an Grúpa taithí tíortha eile san áireamh.

De réir na staire, sna tíortha sin ba luaithe a thug isteach nósanna imeachta chun inscne athraithe a aithint, ceanglaíodh máinliacht iomlán athshannta inscne agus/nó cóireáil a d'fhág an duine neamhthorthúil san inscne bhunaidh. Ó thaithí agus trí eolas níos fearr a chur ar an staid, mhaolaigh tíortha áirithe an riachtanas máinliachta – agus ceapadh sraith critéar níos ginearálta ina ionad. Bhí Gender Recognition Act, 2004 na Ríochta Aontaithe ar cheann de na chéad achtanna a rinne amhlaidh agus measadh gur acht forásach é an uair a achtaíodh é. Aitheantas ab ea an maolú ar an riachtanas máinliachta nach féidir le mórchuid daoine ar mian leo athrú ón inscne bhunaidh go hinscne roghnaithe dul faoi dhianmháinliacht ar chúiseanna míochaine. D'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine eile in ann an costas a sheasamh, nó bheith in ann taisteal ó thíortha nach bhfuil an mháinliacht sin ar fáil iontu. Lena chois sin, is féidir le liostaí feithimh ar mháinliacht a bheith an-fhada – fiú sna tíortha sin mar a bhfuil an tseirbhís ar fáil. Lean tíortha eile, an Spáinn, an Phortaingéil agus an Ungáir, mar shampla, sampla an RA agus ní lorgaíonn siad máinliacht athshannta inscne mar choinníoll chun cáiliú le haghaidh aithint inscne.

An critéar is tábhachtaí i gcás reachtaíocht an RA ná fáthmheas foirmiúil GID nó Diasfóiría Inscne.

Chomhairligh gach gairmí meabhairshláinte a ndeachaigh an Grúpa i gcomhairle leis nó léi gur cheart fáthmheas foirmiúil GID ó ghairmí meabhairshláinte cáilithe amháin nó níos mó a bheith mar bhunchritéar cáiliúcháin mar aon le ráiteas nach bhfuil aon neamhord meabhrach eile ar an duine a thiocthadh salach ar an bhfáthmheas sin. D'aontaigh roinnt freagróirí ar an bpróiseas comhairliúcháin leis an togra seo, ach cuireadh tuairimí láidre eile i láthair gur cheart téarmaí a chuimsigh fáthmheasanna foirmiúla neamhoird a sheachaint, dá bhféadfaí é.

5.8.2 Fianaise Liachta a Sholáthar

Mheas an Grúpa gur cheart cibé critéir a mholfadh sé a bheith ag luí leo siúd atá i bhfeidhm ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gcás inar mian le hiarratasóirí inscne athraithe a bheith taispeáinte ar a bpas. Cumhdaíodh na critéir sin sa reachtaíocht nuair a achtaíodh Acht na bPasanna, 2008. Tá an t-iarratasóir faoi cheangal “...*fianaise (lena n-áirítear fianaise liachta ó lia-chleachtóir cláraithe) chun sástacht an Aire á dhaingniú go ndeachaigh an t-iarratasóir faoi chóireáil, nó go bhfuil an t-iarratasóir ag dul faoi chóireáil nó faoi bhearta, nó faoi chóireáil agus faoi bhearta, chun tréithe gnéasacha agus cuma fhisiceach an iarratasóra a athrú go dtí tréithe gnéasacha agus cuma fhisiceach an ghnéis nua...*” a sholáthar.

Éilíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ráiteas ó ghairmí meabhairshláinte go bhfuil fáthmheas GID ag an iarratasóir, chomh maith le ráiteas nó ráitis ó chleachtóirí liachta go ndeachaigh an t-iarratasóir faoi chóireáil ar nós teiripe hormón nó máinliachta, chun a dhealramh nó a dealramh fisiciúil a athrú ar an taobh amuigh, nó go bhfuil sé nó sí ag dul faoin gcóireáil sin i láthair na huair. Éilítear fianaise, leis, go rabhthas ag maireachtáil sa ról le dhá bhliain anuas chun tacú le hathrú ainmneacha ar an bpas. Ar áireamh san fhianaise seo tá ainm a athrú le gníomhas aonpháirtí, ceadúnas tiomána agus doiciméid eile ar nós ráiteas bainc, tuairisceán cánach, srl.

Toisc go bhfuil Acht na bPasanna, 2008, á oibriú go sásúil maidir le fianaise liachta agus toisc a laghad gairmithe cleachtacha liachta agus meabhairshláinte a sholáthraíonn cóireáil do dhaoine in Éirinn maidir lena bhféiniúlacht inscne, ba é tuairim dheiridh an Ghrúpa nach féidir foráil a dhéanamh le haghaidh liostaí nó painéil fhaofa de sholáthraithe fianaise liachta agus meabhairshláinte. Beidh ar an scéim brath ar an fhianaise atá ar fáil i gcás gach iarratais, cé go mb'fhéidir go bhféadfaí liostaí neamhfhoirmiúla a thiomnú níos déanaí de réir nuair a thiocfaidh méadú ar thaithí.

5.8.3 Staideanna Idirghnéasacha

Ceist eile ar leagadh béim uirthi sa phróiseas comhairliúcháin ná cibé ar cheart foráil a dhéanamh sa scéim le haghaidh daoine a bhfuil staid idirghnéasach acu agus a mhaireann go lánaimseartha in inscne nach í an inscne atá taifeadta ina n-iontráil bhreithe. Téarma ginearálta is ea idirghnéasach a chumhdaíonn staideanna éagsúla ina saolaítear duine le hanatamaíocht atáirgeachta nó gnéasach nach bhfuil ag luí leis an ngnáth-shainmhíniú ar bhaineannach ná ar fhireannach.

Ní i gcónaí a thugtar anatamaíocht idirghnéasach faoi deara ag an mbreith. Uaireanta, ní léir é go dtí teacht an chaithreachais. Tá daoine ann a chaitheann a saoil iomlán agus anatamaíocht idirghnéasach acu i ngan fhios dóibh féin agus do gach duine eile.

Tá speictream leathan de staideanna idirghnéasacha ann agus tá an éagsúlacht chomh mór sin gur deacair an staid a shainmhíniú, fiú. Slí amháin le minicíocht na staide a mheas ná féachaint ar a mhinice a ghlaitear ar speisialtóir i ndifreálú gnéis chun leanbh nuashaolaithe a scrúdú. Ar an mbonn sin, tá éagsúlacht idir mheastacháin minicíochta, ach is minic sa litríocht a luaitear raon de dhuine amháin i ngach 1,500 nó 2,000 breith.

Deacracht amháin i gcás daoine a bhfuil an staid sin acu ná gur gá aicmiú baineann nó fireann a sholáthar i gcás gach breithe, de réir na ngnásanna sóisialta. Roimhe seo, ba ghnách leanbh a chur faoin scian chun an anatamaíocht sheachtrach a chur i gcomhréir leis an ngnéas sannta. Ba mhinic a sannadh inscne bhaineann don leanbh toisc gur shimplí an obráid sin, agus tógadh an leanbh sa ghnéas sannta as sin amach. Ach i gcásanna áirithe, cuireadh anacair ar dhaoine faoi mar a bheadh GID orthu. Ba é an toradh ná gur mhair daoine idirghnéasacha áirithe ar deireadh in inscne nárbh í an inscne a bhí sannta ar a dteastas breithe í. Is ionann a bheag nó a mhór a gcás siúd agus cás na dtrasghnéasach a dhéanann an t-athrú.

D'áitigh mórchuid de na freagróirí ar an bpróiseas comhairliúcháin áis a bheith ar áireamh sa reachtaíocht bheartaithe trína bhféadfadh daoine idirghnéasacha a n-iontráil i gclár na mbreitheanna a athrú agus teastas breithe nua a fháil. Sa chomhairle a fuarthas ó fhoinsí sa Bhreatain agus ó ghairmithe meabhairshláinte in Éirinn áitíodh go bhfreastalódh an scéim bheartaithe ar na daoine sin a raibh staid idirghnéasach acu agus a bhraitheann go bhfuil ag maireachtáil san inscne mhícheart.

Maidir leis an fhianaise a theastaíonn chun tacú le hiarratas ó dhuine idirghnéasach, ag smaoineamh ar raon leathan na staideanna idirghnéasacha atá i gceist thug freagróirí áirithe dá n-aire gurb é an cheist is tábhachtaí an duine a bheith ina chónaí nó ina cónaí go buan in inscne nach í an inscne ar an teastas breithe í.

Is beag is eol dúinn mar gheall ar líon na ndaoine in Éirinn a bhfuil staid idirghnéasach acu, nó líon na ndaoine a mhaireann mar dhaoine fásta in inscne nach í an inscne ar a dteastas breithe í. Sna cásanna sin, ba é tuairim dheiridh an Ghrúpa breis taighde agus saineolais liachta a bheith de dhíth ná mar atá ar fáil dó chun féachaint le staid idirghnéasach a chuimsiú. Ina theannta sin, b'ábhar imní don Ghrúpa é

gurb é a shainordú comhairle a sholáthar maidir leis an reachtaíocht a bheadh ag teastáil chun foráil a dhéanamh d'aitheantas dlíthiúil a thabhairt d'inscne athraithe daoine trasghnéasacha. Thairis sin bheadh deacracht ar leith ann maidir le reachtaíocht a dhréachtú cheal sainmhínithe soiléire agus an éagsúlacht staideanna a chuimsítear sa téarma “idirghnéasach”. Sna cásanna sin bhraith an Ghrúpa nárbh fhéidir leis a mholadh staideanna idirghnéasacha ina maireann daoine in inscne athraithe a bheith cuimsithe sa scéim.

5.8.4 Moladh

Tar éis na mórcheisteanna ar fad a bhreithniú, molann an Grúpa gurb iad seo a leanas na critéir chúí mhíochaine:

- i. fáthmheas foirmiúil GID mar aon le dearbhú nach bhfuil aon neamhord meabhrach eile ar an iarratasóir a thioctadh salach ar an bhfáthmheas sin,**

NÓ

- ii. cruthúnas go bhfuil an duine tar éis dul faoin scian lena inscne nó lena hinscne a athshannadh.**

5.9 Cinní Aitheantais Eachtracha

Bhreithnigh an Grúpa conas déileáil le daoine a bhfuil aitheantas faighte acu dá n-inscne nua i ndlínse eile.

Ní léir cá mhéad iarratasóir a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar shampla, aon duine nach Éireannach é nó í a fuair aitheantas d'inscne athraithe thar lear, is dócha athrú a bheith déanta acu ar a ndoiciméid phearsanta – pasanna, cártaí aitheantais, teastais bhreithe – sular tháinig siad go hÉirinn. Ní bheadh aon ghá ag daoine mar iad le cinneadh um aithint inscne in Éirinn toisc iad a bheith tar éis teacht isteach in Éirinn ina n-inscne nua agus gach doiciméad riachtanach tacaíochta ina seilbh acu.

D'fhéadfadh grúpa daoine a bheith ann a saolaíodh in Éirinn agus a chuaigh thar lear blianta ó shin chun an t-athrú a dhéanamh agus a fuair aitheantas don athrú sin sa dlínse ina bhfuil cónaí orthu anois. D'fhéadfadh sé gur mian le daoine dá shórt aitheantas a fháil dá n-inscne in Éirinn agus teastas breithe nua Éireannach a fháil. Is í an tslí a ndéileáilann tíortha eile le cásanna mar seo liostaí a choimeád de dhlínsí inar cosúil an próiseas um aithint inscne. Ach tá sé intuigthe ó thaithí tíortha eile gurbh fhearr gach cás a bhreithniú ar a thuillteanais féin toisc gur féidir leis a bheith deacair liosta cruinn reatha a choimeád de dhlínsí dá shórt. Bheadh sé sin amhlaidh i gcás ina mbeadh an líon iarratasóirí ó dhlínse ar leith an-bheag nó neamhbhríoch.

5.9.1 Moladh

Dá réir sin, molann an Grúpa gur cheart a cheangal ar iarratasóirí ar aitheantas do chinneadh eachtrach na critéir a thuairiscítear thuas maidir le cónaí/clárú na breithe in Éirinn, aois íosta agus stádas pósta/páirtneireachta sibhialta a chomhlíonadh; agus a cheangal orthu fianaise ar an gcinneadh aitheantais eachtrach a sholáthar. Chun iarratas a ghlacadh bheadh ar an bpainéal a bheith sásta go raibh riachtanais an phróisis sa dlínse eile inchomparáide le riachtanais na hÉireann.

5.10 Achoimre ar na Riachtanais Fianaise

Molann an Grúpa an fhianaise seo a leanas a bheith curtha ar fáil ag iarratasóirí ar aitheantas d'inscne roghnaithe:

- ▲ teastas breithe Éireannach nó teastas um chlárú breithe sa choigríoch,

nó

- ▲ cruthúnas ar ghnáthchónaí in Éirinn,

agus

- ▲ dearbhú reachtúil, i bhfoirm a shocrófar, ina ndéarfaidh an t-iarratasóir

- ▲ (a) go bhfuil aige nó aici intinn shoiléir shocraithe maireachtáil san inscne roghnaithe ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol (tagairt is ea inscne roghnaithe sa chás seo don inscne nach í an inscne a thaispeántar ar thaifead breithe ar iarratasóra)

- ▲ (b) go dtuigeann sé nó sí impleachtaí an iarratais, go ndéantar an t-iarratas dá thoil nó dá toil féin agus go bhfuil aige nó aici an cumas intleachtúil chun é a dhéanamh,

agus

- ▲ (c) nach bhfuil sé nó sí pósta ná i bpáirtnéireacht shibhialta

agus

- ▲ fianaise neamhspleách ar mhaireachtáil go lánaimseartha ar feadh dhá bhliain san inscne roghnaithe (áireofar ar fhianaise athrú inscne agus ainm i ndoiciméid oifigiúla agus i ndoiciméid eile (mar shampla ceadúnas tiomána, pas, cártaí bainc agus creidmheasa), ráitis ó fhinnéithe a bhfuil aithne mhaith acu ar an iarratasóir, srl.) Maidir le hiarratasóirí a fhéachann le brath ar thréimhse a caitheadh ag maireachtáil san inscne roghnaithe fad a bhí sé nó sí faoi 18 mbliana d'aois, ba cheart fianaise a sholáthar ó ghairmí óna bhfaigheann an t-iarratasóir cúram meabhairshláinte go raibh an cumas intleachtúil riachtanach ag an iarratasóir ag 16 nó 17 bliana d'aois chun tuiscint a bheith aige nó aici ar nádúr agus ar éifeacht na cóireála a bhí á fáil aige nó aici, agus ar na hiarmhairtí is dócha a bheadh ann mar gheall uirthi.

agus ceann amháin díobh seo a leanas:

- ▲ fáthmheas foirmiúil GID ó ghairmí cáilithe meabhairshláinte amháin nó níos mó, móide fianaise thacaíochta liachta ar nós sonraí na gcóireálacha a ndeachthas fúthú nó atá ar siúl (teiripe hormón, mionmháinliacht nó cóireáil chun cuma na haghaidhe a athrú, máinliacht athshannta inscne, srl.), má tá siad ar fáil,

nó

- ▲ ráiteas foirmiúil bunaithe ar scrúdú fisiciúil ag lia-chleachtóir cáilithe a deir go

ndearnadh máinliacht athshannta inscne ar an iarratasóir roimhe sin,

nó

- ♣ fianaise gur aithníodh an t-athrú inscne i ndlínse eachtrach.

5.11 Comhlacht Cinnteoireachta

Lorg an Grúpa aighneachtaí ar an gcineál próisis chinnteoireachta a bhí riachtanach. Seo a leanas cuid de na roghanna:

- **Samhail Cúirte Breithiúnaí** – cúirt atá ann cheana féin a ainmniú chun iarratais a ghlacadh ó iarratasóirí, nó
- **Samhail Painéil Reachtúil** – painéal neamhspleách saineolaithe a cheapfaí faoin reachtaíocht chun cinntí um aithint inscne a dhéanamh.

Moladh i bhformhór na n-aighneachtaí iarratais a bheith á mbreithniú ag painéal nó binse neamhspleách seachas ag córas na gcúirteanna – cé gur tarraingíodh anuas roinnt ceisteanna mar gheall ar chomhdhéanamh agus ar roghnú aon phainéil dá shórt. Moladh i roinnt aighneachtaí gan táille a ghearradh as iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú um Aithint Inscne.

Agus a mholadh ar an topaic seo á bhreithniú, thug an Grúpa dá n-aire roinnt tosca a bhain le dearadh an phróisis chinnteoireachta. Ar dtús, bhí an Grúpa den tuairim gur líon fíorbheag iarratasóirí a bheadh i gceist. Tacaíocht don tuairim sin is ea a laghad daoine a d'iarr pas tar éis athrú inscne – rinneadh tuairim is 100 iarratas sna cúig bliana seo caite. Rinne líon daoine is lú ná deichniúr iarratas ar athrú inscne ar a dtairfead aitheantais Uimhir PSP leis an Roinne Coimirce Sóisialaí. Bunaithe ar an líon measta daoine a fhreastalaíonn ar chlinicí, agus ar an taithí sa Ríocht Aontaithe, measann an Grúpa go bhféadfadh borradh de idir 40 agus 50 iarratas a bheith ann sa chéad chúpla bliain agus idir 20 agus 25 iarratas sna blianta ina dhiaidh sin.

Cé gur mhol formhór na bhfreagróirí painéal neamhspleách chun cinntí um aithint inscne a dhéanamh, d'aontaigh líon beag, leis, go n-oibreodh córas riaracháin díreach chomh maith céanna. Sin é an chomhairle, a bheag nó a mhór, a fuarthas i gcruinnithe le páirtithe leasmhara neamhspleácha sa Ríocht Aontaithe. Lena chois sin, tá fianaise ann go bhfuiltear ag athrú go nósanna imeachta simplí riaracháin i dtíortha Eorpacha i gcás chlárúitheoirí áitiúla stádas sibhialta.

5.11.1. Moladh

Dá réir sin, molann an Grúpa go gcumhachtódh an reachtaíocht an tAire chun painéal neamhspleách de thriúr a bhunú chun gach iarratas a chinneadh. Ba cheart a bheith ar an bpainéal duine le saineolas míochaine, duine le saineolas dlí agus duine nach dochtúir nó dlíodóir é nó í agus a d'ionadóidh don tsochaí sibhialta i gcoitinne sa Chathaoir. Ba cheart baill an Phainéil a cheapadh go ceann tréimhse shocraithe agus an Painéal a bheith neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Molann an Grúpa rúnaíocht thiomnaithe a bheith bunaithe laistigh den Roinn Rialtais lena mbaineann chun tacú le hobair an phainéil.

Ar deireadh, molann an Grúpa gan táille a ghearradh as iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú um Aithint Inscne.

5.12 Cinneadh Aitheantais

Sa doiciméad comhairliúcháin, bhí roinnt toimhdí déanta ag an nGrúpa ar dtús a bhain leis an gcinneadh um athrú inscne, is iad sin:

- ✦ ciallaíonn aithint fhoirmiúil (na hinscne athraithe) inscne athraithe duine a bheith aitheanta go hiomlán ag an Stát chun gach críche – lena n-áirítear an ceart chun pósadh san inscne athraithe agus an ceart chun teastas breithe nua a fháil.
- ✦ thiocfadh aitheantas don inscne fhaighte i bhfeidhm ó dháta eisiúna an ráitis fhoirmiúil chun na críche sin agus thabharfadh sé teidlíocht láithreach ar theastas breithe nua do dhaoine ar cláraíodh a mbreith in Éirinn, agus
- ✦ ní dhéanfaidh sin difear do chearta an duine ina inscne nó ina hinscne sannta bunaidh roimh dháta na haitheanta ná do fhreagrachtaí ná d'iarmhairtí gníomhartha san inscne sin.

Ghlac formhór mór na bhfreagróirí sa phróiseas comhairliúcháin go sainráite nó go hintuigthe leis na toimhdí sin.

Áitíodh in aighneachtaí áirithe dáta éifeachtach an chinnidh a bheith ionann le dáta an iarratais ar aithint um athrú inscne. Ach mheas an Grúpa gurb é an dáta éifeachtach an dáta ar a ndearna an comhlacht cinnteoireachta an cinneadh.

5.12.1 Moladh

Dá réir sin, maidir le nádúr agus le héifeacht an chinnidh chun athrú inscne a aithint, aontaíonn an Grúpa:

- ✦ **Gurb é éifeacht an chinnidh go n-aithníonn an Stát an duine go dlíthiúil mar dhuine a bhfuil an inscne nua aige nó aici ó dháta an chinnidh.**
- ✦ **Aithint is ea chun gach críche, lena n-áirítear déileáil leis an Stát, le comhlachtaí poiblí agus leis an tsochaí shibhialta agus thráchtála.**
- ✦ **Beidh an duine a n-aithnítear a inscne nó a hinscne fhaighte i dteideal duine den inscne eile a phósadh nó dul isteach i bpáirtneireacht shibhialta le duine den inscne chéanna.**
- ✦ **Tugann an cinneadh teidlíocht ar theastas breithe nua do dhaoine ar cláraíodh a mbreith in Éirinn, teastas a thaispeánfaidh an inscne nua agus na hainmneacha (má athraíodh na hainmneacha).**
- ✦ **Ar an tslí chéanna, i gcás daoine ar cláraíodh a mbreith i gClár na mBreitheanna sa Choigríoch, beidh siad i dteideal, de bharr an chinnidh seo, Teastas um Chlárú Breithe Eachtraigh nua a fháil a thaispeánann an inscne nua agus na hainmneacha nua (má athraíodh na hainmneacha).**

- ✧ **Ní dhéanfadh sin difear do chearta an duine ina inscne nó ina hinscne sannta bunaidh roimh dháta na haitheanta ná do fhreagrachtaí ná d'iarmhairtí gníomhartha san inscne sin.**
- ✧ **Ní dhéanfaidh aithint athrú inscne difear ar bith do stádas an duine mar athair nó mar mháthair linbh.**
- ✧ **Beidh feidhm le haithint an inscne athraithe ó dháta an chinnidh.**
- ✧ **Cuirfidh an painéal an cinneadh in iúl go foirmiúil don iarratasóir a luaithe a dhéantar an cinneadh.**

5.13 Deimhniú um Aithint Inscne

Tagann an cheist chun cinn cibé ar cheart an chumarsáid seo bheith i bhfoirm litir shimplí fhoirmiúil nó ar cheart Deimhniú um Aithint Inscne foirmiúil a eisiúint. Eisíonn tíortha áirithe, an Ríocht Aontaithe, mar shampla, deimhniú foirmiúil, deimhniú a bhfuil a stádas leagtha síos sa dlí. I bhformhór na dtíortha eile ní dhéantar ach an táscaire inscne a athrú ar chlár sibhialta na mbreitheanna nó ar chlár sibhialta aitheantais.

Glacann an Grúpa leis nár mhór soláthar a dhéanamh, leis, do chinntí um aithint i gcás daoine nár cláraíodh a mbreith in Éirinn. B'fhearr deimhniú foirmiúil i gcásanna dá shórt.

Bhreithnigh an Grúpa feidhmeanna agus cuspóir Dheimhniú um Aithint Inscne. I bprionsabal, níl ann ach ráiteas foirmiúil maidir leis an té lena n-eisítear é agus is dá úsáid nó dá húsáid amháin é. Ach sa Ríocht Aontaithe, mar a n-eisítear deimhniú dá shórt, tá fadhb tagtha chun cinn sa mhéid is go bhfuil sé ag éirí níos coitianta an t-am ar fad do phóilíní, do bhainc, do phearsanra slándála srl. an Deimhniú um Athrú Inscne a lorg ó dhaoine trasinscne chun féiniúlacht inscne a chruthú. I gcásanna mar sin, ní mheastar gur leor doiciméid aitheantais mar phasanna agus ceadúnais tiomána.

Ach glacann an Grúpa leis go bhféadfadh sé chun leasa líon teoranta comhlachtaí poiblí an Deimhniú um Aithint Inscne iarbhír a fheiceáil i gcásanna ar leith i dtaca le doiciméid phearsanta a eisiúint.

5.13.1 Moladh

Dá réir sin, molann an Grúpa:

- **Deimhniú um Aithint Inscne foirmiúil a bheith eisithe ag an gcomhlacht cinnteoireachta.**
- **cuspoir agus feidhmeanna an Deimhniú um Aithint Inscne a bheith leagtha amach sa reachtaíocht;**
- **nár cheart iarraidh ar an sealbhóir é a chur ar fáil chun críche ar bith ach faoi mar a cheanglaítear nó mar a fhoráiltear dó de réir dlí, agus i gcás daoine nár cláraíodh a mbreith i gClár na mBreitheanna, d'fhéadfaí an Deimhniú um Aithint Inscne a úsáid chun tacú le cruthúnas inscne i gcás nach bhfuil doiciméad oiriúnach eile ag an sealbhóir.**

5.14 Próisis a Bhaineann le Láimhsiú Sonraí / Teastas Breithe Nua

Phléigh an Grúpa roinnt ceisteanna a bhaineann le gníomhartha iarmhartacha maidir le cláir shibhialta agus láimhsiú sonraí.

Bhain na príomhcheisteanna le:

- ✧ eisiúint teastas breithe nua agus láimhsiú sonraí ag GRO;
- ✧ fógairt sonraí an chinnidh do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí eile lena mbaineann, agus
- ✧ láimhsiú sonraí eile maidir le hathrú inscne agus stair inscne ag comhlachtaí seirbhíse poiblí agus ag ghníomhaireachtaí eile a bhfuil feidhm ag an Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (arna leasú) maidir leo.

Bhí moltaí leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin maidir le láimhsiú sonraí agus eisiúint teastas breithe nua ag GRO. Ina measc siúd bhí:

- ✧ Gach Deimhniú ar Aithint Inscne a eiseofar, cuirfear in iúl é don Chláraitheoir, Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO).
- ✧ Beidh ar GRO clár faoi rún a choimeád d'ainm gach duine a n-aithnítear a inscne fhaighte.
- ✧ I gcás daoine a bhfuil a mbreith cláraithe le GRO cheana féin, bheadh an t-iarratasóir rathúil i dteideal teastas breithe nua, ach é a iarraidh, ina luafaí an inscne nua agus aon athruithe riachtanacha eile.
- ✧ Ní bheadh an teastas seo so-aitheanta ón ngnáth-theastas breithe.
- ✧ Ní dhéanfaidh sé aon difear don iontráil bhunaidh i gclár na mbreitheanna iontráil bhreithe a dhéanamh i gclár a choimeádtar chun críocha aithint inscne.
- ✧ Teastas breithe nua ina luaitear an inscne nua, ní chuirfidh sé an teastas breithe bunaidh ar neamhní agus beidh an dá theastas ar fáil lena n-úsáid agus bailí de réir dlí i gcónaí.

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí le formhór na nósanna imeachta sin. An deacracht ba mhó a bhí acu ná leis an moladh nach gcuirfeadh teastas breithe nua an teastas bunaidh ar neamhní agus go mbeadh an dá cheann ar fáil i gcónaí lena n-úsáid.

Tar éis na saincheisteanna a scrúdú, glacann an Grúpa leis go gcaithfidh an teastas breithe bunaidh a bheith ar fáil lena úsáid ach go n-eiseofar cóipeanna nua faoi smacht díreach an Ard-Chláraitheora a mbeadh an t-údarás aige nó aici cóipeanna den teastas bunaidh a eisiúint i dtosca sonraithe do dhaoine nó do ghníomhaireachtaí a raibh leas dlisteanach acu sa taifead.

Tháinig ceist chun cinn maidir le húsáid chalaoiseach a d'fhéadfaí a bhaint as an teastas bunaidh, ag an sealbhóir nó ag aon duine eile. Ba é tuairim dheiridh an Ghrúpa nach gá forálacha reachtacha breise maidir leis seo toisc gur gníomh coiriúil a bheadh in aon úsáid chalaoiseach den teastas breithe bunaidh faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

Phléigh an Grúpa na nósanna imeachta a bhaineann le bunú clár nua inscne ag an Ard-Chlárúitheoir agus eisiúint teastas breithe nua. Aontaíodh gur cheart don phainéal gach cinneadh um aithint inscne a chur in iúl don Ard-Chlárúitheoir.

Faoin té lena mbaineann a bheadh sé (a) foirm na hiontrála, agus (b) na sonraí a bheadh le taifeadadh, a chinneadh. Tá athrú tagtha ar fhoirm na n-iontrálacha i gclár na mbreitheanna in imeacht na mblianta. Sa bhliain 1997 leasaíodh an fhoirm chun sloinne a thaifeadadh don leanbh, agus sa bhliain 2002 leasaíodh an fhoirm chun sonraí breise tuismitheoirí agus a n-uimhreacha PSP a thaifeadadh. Moltar go dtabharfaí don té lena mbaineann samplaí pro-forma den chuma a bheadh ar a dteastas breithe nua le cabhrú leo cinneadh a dhéanamh. Ag brath ar fhoirm na hiontrála a roghnófaí, d'fhéadfadh sonraí breise maidir lena dtuismitheoirí a bheith le taifeadadh.

Beidh sé de rogha ag an duine, leis, túsainmneacha agus sloinne a athrú, ach ní féidir a bheith sa sloinne ach an sloinne a cláraíodh an chéad lá, nó a glacadh mar thátal munar cláraíodh é, nó an sloinne inar deonaíodh an aithint inscne. Má tá ainm dlíthiúil faighte ag an duine nach ionann é agus an t-ainm a cláraíodh an chéad lá, le gníomhas aonpháirtí, cuir i gcás, is é an t-ainm sin a iontrálfar sa chlár. Bheadh cinntí le déanamh, leis, maidir le dáta an chlárúithe, ionad an chlárúithe agus cé a dhéanfaidh gnó an fhaisnéiseora cháilithe. A luaithe a bheidh na cinntí sin déanta, dhéanfaí an iontráil sa chlár rúnda ar leith a cheapfar chun na críche sin, ach bheadh an teastas nua agus an teastas bunaidh a d'eiseofaí don duine sin do-aitheanta ó thaobh stíle agus leagan amach de. Toisc an gá atá le rúndacht, níor cheart teastais a bheith ar fáil ach ó GRO amháin. Ba cheart cóipeanna de na hiontrálacha nua (.i. teastais) a chur ar fáil don phobal sa ghnáthshlí.

5.14.1 Moladh

Seo a leanas moltaí an Ghrúpa:

- ✦ **Aontaíonn an Grúpa gur cheart an cinneadh maidir le haithint a chur in iúl don Ard-Chlárúitheoir tráth a dhéanta.**
- ✦ **Ba cheart a cheangal ar an Ard-Chlárúitheoir agus é nó í a údarú chun Clár um Aithint Inscne a cheapadh agus a choimeád ina mbeadh sonraí gach Deimhnithe um Aithint Inscne. Ba cheart an Clár um Aithint Inscne a choimeád faoi rún faoi mar a dhéantar le cláir sibhialta eile.**
- ✦ **D'aontaigh an Grúpa a cheangal ar an Ard-Chlárúitheoir nasc faoi rún a choimeád idir an iontráil bhunaidh i gClár na mBreitheanna agus an iontráil nua sa Chlár um Aithint Inscne díreach mar a dhéantar i gcás an Chláir Uchtála.**
- ✦ **Thairis sin, ba cheart don Ard-Chlárúitheoir socrú a dhéanamh chun an iontráil bhunaidh a cheilt ón bpobal i gcoitinne agus é a chlibeáil ar an mbunachar sonraí ionas nach bhféadfaí cóip dheimhnithe den iontráil sin a eisiúint gan cead pearsanta ón té lena mbaineann. Bheadh an tArd-Chlárúitheoir údaraithe chun sonraí an teastais bhunaidh a chur ar fáil i dtosca sonracha do dhaoine nó do ghníomhaireachtaí a raibh leas dlísteanaigh acu sa taifead, cuir i gcás, dá mbeadh gá leis maidir le himscrúdú nó ionchúiseamh coiriúil, nó cás cúirte sibhialta lena bhfuil baint ag an duine ina inscne nó**

ina hinscne bhunaidh, srl.

- ✦ **Molann an Grúpa a cheangal ar an Ard-Chláraitheoir, ar fhógra maidir le heisiúint Deimhniú um Aithint Inscne a bheith faighte, teagmháil a dhéanamh leis an té lena mbaineann chun sonraí agus socruithe a chinneadh maidir le heisiúint an teastais bhreithe nua.**
- ✦ **Maidir le dearadh agus stíl teastas breithe nua a d'eiseofaí d'iarratasóirí rathúla, molann an Grúpa an teastas nua a bheith do-aitheanta ón teastas bunaidh a d'eiseofaí don duine sin ó thaobh ábhair, stíle agus dearaidh.**

5.15 Comhlachtaí Poiblí Eile

Phléigh an Grúpa cibé ar cheart sonraí um aithint inscne a chur ar aghaidh chuig comhlachtaí poiblí eile. Tar éis na saincheistanna a bhreithniú, seo a leanas moltaí an Ghrúpa:

5.15.1 Moladh

Molann an Grúpa sonraí an athraithe inscne a chur in iúl, leis, dóibh seo a leanas:

- ✦ **Rannóg Seirbhísí Aitheantais Cliant na Roinne Coimirce Sóisialaí le hathrú a dhéanamh ar thacar sonraí aitheantais na seirbhíse poiblí (ASP) agus lena fhógairt don ghrúpa leathan de ghníomhaireachtaí poiblí a údaraítear le sonraí ASP a úsáid.**
- ✦ **Oifig na bPasanna de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála lena n-úsáid chun pasanna a cheadú agus a eisiúint.**

5.16 Cosaint Sonraí

Ábhar amháin ar leag formhór na bhfreagróirí béim láidir air ná an gá atá le rúndacht maidir le stair inscne an duine trasghnéasaigh. Go sonrach, tá gá le dearbhú go gcaithfear le stair inscne mar ábhar faoi rún agus go mbeidh réimeas cuí rialála i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh gach duine ar an eolas mar gheall ar a bhfreagrachtaí maidir leis seo.

Sainítear “sonraí íogair pearsanta” faoin Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (arna leasú) mar shonraí pearsanta a bhaineann le:

- ✦ bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla nó creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta ábhar na sonraí;
- ✦ ballraíocht ábhar na sonraí i gceardchumann;
- ✦ sláinte fisiciúil nó meabhrach nó staid nó saol gnéasach ábhar na sonraí;
- ✦ cion a rinne nó a líomhnaíodh a rinne ábhar na sonraí; agus
- ✦ aon imeachtaí maidir le cion a rinne nó a líomhnaíodh a rinne ábhar na sonraí, triail na n-imeachtaí sin nó pianbhreith aon chúirte sna himeachtaí sin.

Measann an Grúpa gur dócha gur "sonraí fogair pearsanta" a bheidh i sonraí a bhaineann le stair inscne agus dá réir sin, measann sé nach gá an tAcht um Chosaint Sonraí a leasú chun cosaint bhreise a chinntiú i gcás stair inscne.

5.17 Idirdealú sa tSochaí i gCoitinne

Toirmisctear faoi na hAchtanna Fostaíochta agus Comhionannais, 1998 go 2008, agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2008, idirdhealú a dhéanamh i réimse na fostaíochta agus maidir le soláthar agus teacht ar earraí agus seirbhísí ar naoi gcinn d'fhorais – lena n-áirítear inscne agus míchumas.

Comhlacht Stáit gar-bhreithiúnach is ea an Binse Comhionannais a bunaíodh chun fóram neamhchlaon a sholáthar ina bhféadfaí gearáin maidir le hidirdhealú líomhanta a chloisteáil nó eadráin a dhéanamh maidir leo faoin reachtaíocht chomhionannais. Ina chás-dlí tá cinnte ag an mBinse gur féidir an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais inscne agus míchumais araon a chur i bhfeidhm maidir le staideanna daoine trasinscne agus trasghnéasacha. I gcinneadh a rinne an Binse le deireanas, *Hannon v. First Direct Logistics Ltd. (DEC E2011 066)*, chinn an Binse go raibh oibleagáid ar fhostóir socruithe réasúnta a dhéanamh chun athrú inscne duine trasinscne a éascú san áit oibre – lena n-áirítear maireachtáil go lánaimseartha ina hinscne fhaighte a éascú.

Tá an Grúpa sásta gur leor an reachtaíocht agus an gléasra imscrúdúcháin atá ann cheana chun idirdhealú a dhíspreagadh agus a chosc i gcás daoine atá ag athrú ó inscne amháin go dtí an inscne eile – le linn chéim an athraithe agus ina dhiaidh.

5.18 Ábhair Eile

Thug an Grúpa dá n-aire ábhair eile a tarraingíodh anuas le linn an phróisis chomhairliúcháin, is iad sin:

- teacht ar sheirbhísí sláinte agus tacaíochta do thrasghnéasaigh;
- tacaíochtaí do dhaoine óga sna scoileanna agus in eagraíochtaí spóirt agus eile, agus
- teastais oideachais a eisíonn comhlachtaí oifigiúla.

Ach toisc a shainordú sonrath, bhraith an Grúpa nárbh fhéidir moltaí a dhéanamh i dtaca le haon cheann díobh sin.

CAIBIIL 6:

An Bille um Aithint Inscne – Moltaí

Is iad téarmaí tagartha an Ghrúpa comhairle a chur ar an Aire Coimirce Sóisialaí maidir leis an reachtaíocht a theastódh chun inscne fhaighte daoine trasghnéasach a aithint go dlíthiúil agus Cinn Bille a mholadh chun an scéim riachtanach a chur i ngníomh. Ach cheal ama agus acmhainní níorbh fhéidir leis an nGrúpa tabhairt faoin obair theicniúil a bhaineann le Cinn Bille a dhréachtú. Ina ionad sin, leagann an Grúpa amach moltaí mionsonraithe faoinar cheart a bheith sa reachtaíocht.

6.1 An Bille um Aithint Inscne – Forálacha Molta

Seo a leanas moltaí an Ghrúpa maidir leis na forálacha ar cheart a bheith sa Bhille um Aithint Inscne beartaithe:

6.1.1 Cuspóir na Scéime agus an Chiall a bheidh le hAithint

Is é raon bunúsach na reachtaíochta a chumasú don Aire scéim a bhunú agus forálacha a dhéanamh lena hoibriú trína n-aithneoidh an Stát inscne athraithe daoine atá ag maireachtáil go lánaimseartha in inscne nach í an inscne a thaispeántar ar iontráil an duine sin i gclár na mbreitheanna.

Ciallaíonn aithint fhoirmiúil go n-aithníonn an Stát inscne athraithe duine go hiomlán chun gach críche – lena n-áirítear an ceart chun pósadh san inscne athraithe agus an ceart chun teastas breithe nua.

Ba cheart feidhm a bheith ag aithint na hinscne faighte ó dháta an chinnidh maidir léi agus teidlíocht láithreach a bheith ar theastas breithe nua do dhaoine ar cláraíodh a mbreith in Éirinn, agus más cuí, Teastas nua um Chlárú Breithe sa Choigríoch.

Ní dhéanfaidh sin difear do chearta an duine ina inscne nó ina hinscne sannta bunaidh roimh dháta na haitheanta, ná do fhreagrachtaí ná d'iarmhairtí gníomhartha san inscne sin.

Ní dhéanann aithint na hinscne fhaighte difear do stádas an duine mar thuismitheoir linbh ina inscne nó ina hinscne bhunaidh. Ba cheart na critéir a rialóidh an cinneadh inscne nua an duine a aithint a bheith leagtha amach sa Bhille.

Ba cheart don Bhille a chumasú don Aire rialacháin a dhéanamh i dtaca le riarachán na scéime – lena n-áirítear treoirlínte a fhoilsiú.

6.1.2 Breac-chuntas ar an bPróiseas

Ba cheart an bunphróiseas seo a leanas um aithint inscne a dheonú a bheith leagtha amach sa Bhille:

- ♣ Déanann an té atá ag lorg aitheantais dá inscne nó dá hinscne athraithe iarratas chuig an Aire nó chuig comhlacht cinnteoireachta atá ainmnithe chuige sin faoin mBille, ag iarraidh an inscne nua ina maireann sé nó sí a bheith aitheanta.

- ✦ Cuireann an t-iarratasóir fianaise dhoiciméadach i láthair chun tacú leis an iarratas.
- ✦ Scrúdaíonn an comhlacht cinnteoireachta an t-iarratas agus an fhianaise agus déantar cinneadh cibé an nglacfar leis an iarratas nó an ndiúltofar é.
- ✦ Eisiónn an comhlacht cinnteoireachta Deimhniú um Aithint Inscne don iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi ina n-aithnítear an inscne nua.
- ✦ Ba cheart próiseas achomhairc a bheith ann d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo.
- ✦ Ní mór don chomhlacht cinnteoireachta foráil a dhéanamh le haghaidh próiseas cúlghairme agus ceartúcháin teastas.

6.1.3 An Comhlacht Cinnteoireachta agus an Próiseas Cinnteoireachta

Ba cheart an tAire a bheith cumhachtaithe faoin mBille chun comhlacht cinnteoireachta neamhspleách a bhunú i bhfoirm Painéal um Aithint Inscne de thriúr chun an fhianaise a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar gach iarratas.

Ba cheart a bheith ar áireamh i ngach painéal duine le saineolas míochaine, duine le saineolas dlí agus duine nach dochtúir nó dlíodóir é nó í a d'ionadódh don tsochaí shibhialta i gcoitinne a bheith sa Chathaoir. Ba cheart baill an Phainéil a cheapadh go ceann tréimhse shocraithe agus an Painéal a bheith neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Ba cheart a cheangal ar an bPainéal gach iarratas a scrúdú agus a chinneadh de réir na gcritéar arna leagan amach sa Bhille.

Ba cheart don Phainéal a chinneadh a dhéanamh ar gach iarratas tar éis scrúdú a dhéanamh ar an fhianaise dhoiciméadach a sholáthraíonn an t-iarratasóir. D'fhéadfadh meáin seachas páipéar a bheith i gceist san fhianaise dhoiciméadach.

D'fhéadfadh an Painéal a cheangal ar an iarratasóir bheith i láthair ag éisteacht ó bhéal. I gcásanna mar sin, is féidir leis an iarratasóir a bheith tionlactha ag a rogha duine.

Níor cheart an t-iarratasóir a cheangal chun táille iarratais a íoc chun leas a bhaint as an bpróiseas, ach éó í a bheith freagrach as costais na fianaise a ullmhú agus a chur ar aghaidh.

Ba cheart soláthar a dhéanamh d'fhorbairt agus d'fhoilsiú treoirlínte agus soiléiriú i dtaca le hoibriú na scéime.

Ba cheart a cheangal ar an bPainéal tuairisciú don Aire gach bliain ar oibriú na scéime.

6.1.4 Riachtanais Cháiliúcháin

Ba cheart é a bheith mar choinníoll go gcomhlíonfaidh iarratais ar aithint na critéir seo a leanas:

Cónaí/Breith a bheith Cláraithe in Éirinn

Ba cheart iarratais a ghlacadh ó na daoine seo a leanas:

- ✧ daoine ar cláraíodh a mbreith in Éirinn;
- ✧ daoine a bhfuil a n-ainmneacha ar Chlár na mBreitheanna sa Choigríoch, agus
- ✧ daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn.

Aois Íosta

Ba cheart an t-iarratasóir a bheith 18 bliain d'aois nó os a chionn ar dháta an iarratais.

Is féidir tréimhse de suas le dhá bhliain ar a mhéad a chaitear ag maireachtáil san inscne roghnaithe roimh 18 mbliana d'aois a chur san áireamh ó aois 16 bliain ar aghaidh. Iarratasóirí a dhéanann iarratas ar an mbonn sin, ba cheart dóibh fianaise a sholáthar ó ghairmí nó ó ghairmithe meabhairshláinte a thug cóireáil dóibh go raibh an cumas intleachtúil acu ag aois 16 nó 17 chun tuiscint a bheith acu ar nádúr agus ar éifeacht na cóireála a bhí á fáil acu, agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall uirthi.

Stádas Pósta agus Páirtnéireachta Sibhialta

Ní féidir le hiarratasóir bheith i bpósadh nó i bpáirtnéireacht sibhialta bailí láithreach.

Athrú Buan

Ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil intinn shoiléir shocraithe aige nó aici maireachtáil san inscne roghnaithe ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol.

Triail Fhíorshaoil

Ní mór tréimhse dhá bhliain ar a laghad a bheith caite ag an iarratasóir ag maireachtáil go lánaimseartha san inscne roghnaithe.

Critéir Mhíochaine

Ní mór fáthmheas foirmiúil GID a bheith ag an iarratasóir nó bheith tar éis dul faoin scian le haghaidh athshannadh inscne.

Cinntí um Aithint Eachtrach

Ba cheart a cheangal ar iarratasóirí ar aitheantas do chinneadh eachtrach na coinníollacha maidir le cónaí/breith a bheith cláraithe in Éirinn, aois íosta agus stádas pósta/páirtnéireachta sibhialta a chomhlíonadh. Ba cheart dóibh fianaise a sholáthar maidir le haithint an chinnidh eachtraigh. Chun iarratas a ghlacadh bheadh ar an bpainéal a bheith sásta go raibh riachtanais an phróisis sa dlínse eile inchomparáide le riachtanais na hÉireann.

6.1.5 An fhianaise a chuirfear isteach

Ba cheart a cheangal ar an iarratasóir an fhianaise seo a leanas a chur isteach:

- ▲ teastas breithe nó teastas um chlárú breithe sa choigríoch,

nó

- ▲ cruthúnas ar ghnáthchónaí in Éirinn,

agus

- ▲ dearbhú reachtúil, i bhfoirm a bheidh le hordú, ina ndéarf ar (a) nach bhfuil an t-iarratasóir pósta ná i bpáirtnéireacht shibhialta (b) go bhfuil intinn shoiléir shocraithe aige nó aici maireachtáil san inscne roghnaithe don chuid eile dá shaol nó dá saol (tagairt is ea inscne roghnaithe sa chás seo don inscne nach í an inscne a thaispeántar ar thaifead breithe an iarratasóra) agus (c) go dtuigeann an t-iarratasóir impleachtaí an iarratais, go ndéanann sé nó sí é dá dheoin nó dá deoin féin agus go bhfuil an cumas intleachtúil aige nó aici chun sin a dhéanamh,

agus

- ▲ fianaise neamhspleách ar mhaireachtáil go lánaimseartha ar feadh dhá bhliain san inscne roghnaithe (áireofar ar fhianaise athrú inscne agus ainm i ndoiciméid oifigiúla agus i ndoiciméid eile, cuir i gcás pas nó ceadúnas tiomána, ráitis ó fhinnéithe a bhfuil aithne mhaith acu ar an iarratasóir, srl.) Maidir le hiarratasóirí a fhéachann le brath ar thréimhse a caitheadh san inscne roghnaithe *fad a bhí sé nó sí faoi 18 mbliana d'aois, ba cheart fianaise a sholáthar ó gairmí óna bhfaigheann an t-iarratasóir cúram meabhairshláinte go raibh an cumas intleachtúil riachtanach ag an iarratasóir ag 16 nó 17 bliana d'aois chun tuiscint a bheith aige nó aici ar nádúr agus ar éifeacht na cóireála a bhí á fáil aige nó aici, agus na hiarmhairtí is dócha a bheadh ann mar gheall uirthi.*

agus ceann amháin díobh seo a leanas:

- ▲ fáthmheas foirmiúil de GID arna dhéanamh ag gairmí cáilithe meabhairshláinte nó níos mó, móide fianaise nach bhfuil aon staid mheabhairshláinte toirmisceithe ar an iarratasóir, móide fianaise thacaíochta liachta ar nós sonraí na gcóireálacha a rinneadh nó atá ar siúl (teiripe hormón, mionmháinliacht nó cóireáil chun cuma na haghaidhe a athrú, máinliacht athshannta inscne, srl.), má tá siad ar fáil,

nó

- ▲ ráiteas foirmiúil bunaithe ar scrúdú fisiciúil ó lia-chleachtóir cáilithe a deir go ndearnadh máinliacht athshannta inscne ar an iarratasóir roimhe sin,

nó

- ▲ fianaise gur aithníodh an t-athrú inscne i ndlínse eachtrach.

6.2 Deimhniú um Aithint Inscne agus Bainistíocht Sonraí

Ba cheart foráil a dhéanamh sa Bhille do Dheimhniú um Aithint Inscne a bheith eisithe ag an bPainéal don iarratasóir rathúil.

Ba cheart feidhm a bheith ag aithint inscne nua ó dháta an chinnidh um aithint inscne.

Ba cheart don Phainéal um Aithint Inscne gach cinneadh nua um aithint a dhéanfar, mar aon leis na sonraí pearsanta lena mbaineann, a fhógairt d'Ard-Chláráitheoir GRO.

Ba cheart don Bhille, leis, tarchur sonraí lena mbaineann a údarú i gcás gach cinnidh go dtí dhá chomhlacht poiblí eile, is iad sin:

- ⤴ Seirbhís Aitheantais Cliant na Roinne Coimirce Sóisialaí le hathrú a dhéanamh ar thacar sonraí aitheantais na seirbhíse poiblí (ASP) agus lena fhógairt don ghrúpa leathan de ghníomhaireachtaí poiblí a údaraítear le sonraí ASP a úsáid.
- ⤴ Oifig na bPasanna de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála lena n-úsáid chun pasanna a cheadú agus a eisiúint.

Ba cheart don Bhille a shonrú gur ráiteas foirmiúil é an Deimhniú um Aithint Inscne a bhaineann leis an té lena n-eisítear é agus atá ceaptha dá úsáid nó dá húsáid amháin.

Go sonrach, ba cheart a shonrú sa reachtaíocht nach féidir a iarraidh ar an sealbhóir Deimhniú um Aithint Inscne a sholáthar mar chruthúnas inscne chun críocha oifigiúla nó sibhialta ach amháin faoi mar a cheanglaítear nó mar a fhoráiltear dó de réir dlí. Ba cheart iarratais ar chruthúnas aitheantais nó ar dhoiciméad aitheantais a theorannú do na doiciméid sin atá i ngnáthchúrsaíocht – .i. pasanna, ceadúnais tiomána, Cártaí Seirbhíse Poiblí, teastais bhreithe, srl.

I gcás daoine nár cláraíodh a mbreith i gClár na mBreitheanna, d'fhéadfaí an Deimhniú um Aithint Inscne a úsáid chun tacú le cruthúnas inscne i gcás nach bhfuil doiciméad oiriúnach eile ag an sealbhóir.

6.3 Clár um Aithint Inscne agus Teastas Breithe Nua a Eisiúint.

Ba cheart don Phainéal um Aithint Inscne fógra a chur chuig Ard-Chláráitheoir GRO nuair a eisítear Deimhniú um Aithint Inscne.

Ba cheart a cheangal ar an Ard-Chláráitheoir Clár um Aithint Inscne a cheapadh agus a choimeád ina gcoimeádfaí sonraí gach Deimhnithe um Aithint Inscne. Ba cheart an Clár um Aithint Inscne a choimeád faoi rún faoi mar a dhéantar le cláir shibhialta eile.

Cheanglófaí ar an Ard-Chláráitheoir nasc faoi rún a choimeád idir an iontráil bhunaidh i gClár na mBreitheanna agus an iontráil nua sa Chlár um Aithint Inscne díreach mar a dhéantar i gcás an Chláir Uchtála.

Ba cheart don Ard-Chláráitheoir socrú a dhéanamh chun an iontráil bhunaidh a cheilt ón bpobal i gcoitinne agus é a chlibeáil ar an mbunachar sonraí ionas nach bhféadfaí cóip dheimhíthe den iontráil sin a eisiúint gan cead pearsanta ón té lena mbaineann. Bheadh an tArd-Chláráitheoir údaraithe chun

sonraí an teastais bhunaidh a chur ar fáil i dtosca sonraithe do dhaoine nó do ghníomhaireachtaí a bhfuil leas dlisteanach acu sa taifead.

Ar fhógra maidir le heisiúint Deimhniú um Aithint Inscne a bheith faighte, cheanglófaí ar an Ard-Chláraitheoir teagmháil a dhéanamh leis an té lena mbaineann chun sonraí agus socruithe a chinneadh maidir le heisiúint an teastais bhreithe nua.

Bheadh an teastas nua do-aitheanta, ó thaobh ábhair, stíle agus dearaidh de, ón teastas bunaidh a d'eiseofaí don duine sin.

6.4 Próiseas Achomhairc

Ba cheart iarratasóirí neamhrathúla a cheadú chun achomharc a dhéanamh go dtí an Chúirt Chuarda ag suí mar an Chúirt Teaghlaigh Chuarda, ag féachaint do nádúr rúnda na Cúirte sin.

6.5 Próiseas Cúlghairme

Ní mór foráil a dhéanamh sa Bhille do phróiseas aisghairme agus ceartúcháin i gcás Deimhnithe um Aithint Inscne.

AGUISÍN 1:

Ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh um Aithint Inscne

Tá an Grúpa Comhairleach um Aithint Inscne comhdhéanta d'ionadaithe ó Ranna Rialtais éagsúla.

Seo a leanas baill an Ghrúpa:

- Oliver Ryan, iarbhall den Roinn Coimirce Sóisialaí, Cathaoirleach an Ghrúpa.
- Kieran Feely, Ard-Chláraitheoir.
- Christine O'Rourke / Nicola Lowe, Oifig an Ard-Aighne.
- John Kenny, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí.
- Anne Coleman-Dunne, An Roinn Fiontair, Trádála agus Nuála.
- Geraldine Luddy, An Roinn Sláinte agus Leanaí.
- Helen Faughnan, An Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Caitriona O'Brien, An Roinn Oideachais agus Scileanna.
-
- Deirdre Ní Neill, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.
- Deirdre Fannin, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.
- Garrett Cunnane, Comhairleoir Dlí, An Roinn Coimirce Sóisialaí.

Daoine eile a bhí i láthair:

- An Dr. Clement Leech, Príomh-Chomhairleoir Míochaine, An Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Carol O'Rourke, An Roinn Turasóireacht, Cultúir agus Spóirt.
- Marie McMahon, An Roinn Fiontair, Trádála agus Nuála.
- Breeda Connaughton, An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Rúnaí

Siobhan Doyle, An Roinn Coimirce Sóisialaí.

Is mian leis an nGrúpa a mbuíochas a ghabháil as an tacaíocht a thug Ann Marie O'Connor agus JP Dunham ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Aguisín 2:

Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí um Aithint Inscne

Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin poiblí an Ghrúpa an 4 Lúnasa 2010.

1. Bunraon na Reachtaíochta Beartaithe

Is é bunraon na reachtaíochta a údarú don Aire scéim a cheapadh agus a oibriú trína n-aithneoidh an Stát inscne athraithe daoine trasghnéasacha.

Comharthófar do dhuine go n-aithnítear a inscne nó a hinscne athraithe le ráiteas foirmiúil go bhféachfar ar an inscne nua as seo amach mar inscne an duine sin chun gach críche.

2. Breac-chuntas ar an bPróiseas

Is é tuairim thosaigh an Grúpa gur cheart gur mar seo a leanas a bheadh an scéim sracthuairiscithe:

- ✦ Déanann an té atá ag lorg aitheantais dá inscne nó dá hinscne athraithe iarratas chuig an Aire nó chuig comhlacht cinnteoireachta atá ainmnithe chuige sin faoin reachtaíocht, ag féachaint go n-aithneofaí an inscne nua.
- ✦ Cuireann an t-iarratasóir fianaise dhoiciméadach i láthair chun tacú leis an iarratas.
- ✦ Scrúdaíonn an tAire, nó an comhlacht cinnteoireachta, an t-iarratas agus an fhianaise agus déantar cinneadh cibé an nglacfar leis an iarratas nó an ndiúltófar é.
- ✦ Eisíonn an tAire nó an comhlachta cinnteoireachta ráiteas foirmiúil don iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi ina n-aithnítear an inscne nua.
- ✦ Beidh próiseas achomhairc ann d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo.

Lorgaíonn an Grúpa aighneachtaí ar an bpróiseas beartaithe.

3. Prionsabail

Molann an Grúpa prionsabail threoracha áirithe a bheith mar bhonn eolais faoi dhearadh an phróisis chinnteoireachta agus faoi shocrú na gcritéir cáiliúcháin:

- ✦ Ba cheart meas ar chearta agus ar dhínit ar iarratasóra a léiriú i ngach cuid den phróiseas.
- ✦ Níor cheart d'aon cheann de na téarmaí ná de na coinníollacha daoine a dhíspreagadh ó iarratas a dhéanamh.
- ✦ Ba cheart na critéir a bheith inléirmhínte ar shlí chomhsheasmhach oibiachtúil.
- ✦ Ba cheart an próiseas agus na critéir a bheith iomlán agus cothrom ionas go mbeidh meas ag iarratasóirí agus ag an bpobal i gcoitinne orthu agus iontaoibh acu astu.
- ✦ Ba cheart an próiseas a thabhairt chun críche go luath.

- ✦ Beidh tábhacht ar leith le príobháid agus le rúndacht.

Lorgaíonn an Grúpa aighneachtaí ar na dréachtphrionsabail sin.

4. Critéir Cháiliúcháin

I measc choinníollacha cáiliúcháin na scéime beidh:

(i) Aois Íosta

Molann an Grúpa nár cheart iarratais a ghlacadh ach amháin ó dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

(ii) Cónaitheoirí Éireannacha

Molann an Grúpa nár cheart iarratais a ghlacadh ach amháin ó:

- ✦ Daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn, nó
- ✦ Daoine a bhfuil a mbreith cláraithe in Éirinn.

(iii) Eile

Lorgaítear aighneachtaí, leis, ar chritéir cháiliúcháin eile a d'fhéadfadh a bheith bailí, mar shampla:

- ✦ Ar cheart daoine atá i bpósadh nó i bpáirtnéireacht shibhialta láithreach a fhágáil as an áireamh?

Lorgaítear aighneachtaí ar na pointí sin.

5. Critéir Ghlacthachta

Agus cinneadh á dhéanamh aige, beidh méid áirithe fianaise de dhíth ar an Aire nó ar an gcomhlacht cinnteoireachta go bhfuil fíorathrú déanta nó á dhéanamh ag an iarratasóir ón inscne bhunaidh go dtí an inscne roghnaithe.

Lorgaíonn an Grúpa aighneachtaí mar gheall ar an bhfianaise a bheadh de dhíth ó iarratasóir.

6. Próiseas Cinnteoireachta

Lorgaíonn an Grúpa aighneachtaí ar an gcineál próisis chinnteoireachta a bheidh riachtanach. Seo a leanas cuid de na roghanna:

- **Samhail Bhreithiúnach nó Cúirte** ina ndéanfadh iarratasóirí iarratas ar chúirt ainmnithe atá ann cheana, agus
- **Samhail Painéil Reachtúil** mar a gceapfaí painéal neamhspleách saineolaithe faoin reachtaíocht chun cinntí um aithint inscne a dhéanamh.

7. Deimhniú um Aithint Inscne agus Taifeadadh Sonraí

Molann an Grúpa na nósanna imeachta seo a leanas maidir leis an bpróiseas a leanfadh an cinneadh um aithint:

- ✦ Eiseoidh an tAire nó an comhlacht cinnteoireachta deimhniú um aithint inscne don iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi.
- ✦ Aithneofar an inscne nua ó dháta eisiúint an deimhnithe um aithint inscne. Ní dhéanfar difear do chearta an duine ina inscne nó ina hinscne bhunaidh roimh dháta na haitheanta, ná do fhreagrachtaí ná d'iarmhairtí aon ghníomhartha san inscne sin.
- ✦ Gach Deimhniú ar Aithint Inscne a eiseofar, cuirfear in iúl é d' Ard-Chláraitheoir GRO.
- ✦ Ní dhearnadh aon chinneadh fós faoi fhógra a chur chuig comhlachtaí oifigiúla eile.
- ✦ Beidh ar GRO clár faoi rún a choimeád d'ainm gach duine a n-aithnítear a inscne fhaighte.
- ✦ I gcás daoine a bhfuil a mbreith cláraithe le GRO cheana féin, bheadh an t-iarratasóir rathúil i dteideal teastas breithe nua, ach é a iarraidh, ina luafaí an inscne nua agus aon athruithe riachtanacha eile.
- ✦ Bheadh an teastas seo do-aitheanta ón ngnáth-theastas breithe.
- ✦ Ní dhéanfaidh sé aon difear don iontráil bhunaidh i gclár na mbreitheanna iontráil bhreithe a bheith déanta i gclár a choimeádtar chun críocha aithint inscne.
- ✦ Teastas breithe nua ina luaitear an inscne nua, ní chuirfidh sé an teastas breithe bunaidh ar neamhní. Féadfadh úsáid a bhaint as an dá theastas agus beidh siad chomh bailí céanna de réir dlí.

Lorgaíonn an Grúpa aighneachtaí ar na moltaí sin.

Aguisín 3:

Eagraíochtaí a bhí Páirteach sa Phróiseas Comhairliúcháin

1. Aighneachtaí

Fuarthas aighneachtaí ó na heagraíochtaí seo a leanas:

- ✧ BeLonG To Youth Service.
- ✧ Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce
- ✧ An Líonra Comhionannais Leispiach agus Aerach.
- ✧ Neamhord Féiniúlachta Inscne Éireann.
- ✧ Comhairle um Chearta an Duine.
- ✧ An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn.
- ✧ Lash Back Collective.
- ✧ LGBT Noise.
- ✧ Cumann LGBT an Choláiste Ollscoile, Corcaigh.
- ✧ Comhionannas Pósta.
- ✧ Oifig Ombudsman na Leanaí.
- ✧ An tÚdarás Comhionannais.
- ✧ Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne.
- ✧ Aontas Náisiúnta na Mac Léinn.

2. Cruinnithe le hEagraíochtaí agus le Daoine Aonair eile

Bunaithe ar mheasúnú a rinneadh ar na haighneachtaí a fuarthas, bhí cruinnithe ag baill den Ghrúpa Comhairleach um Aithint Inscne le roinnt eagraíochtaí agus daoine aonair i lár Dheireadh Fómhair 2010. Ba é cuspóir na gcruinnithe sin deis a thabhairt do líon ionadach eagraíochtaí agus daoine aonair a n-aighneachtaí a phlé ar shlí níos mine. Rinneadh trí fhoghrúpa den Ghrúpa agus bhí cruinnithe acu le hionadaithe na n-eagraíochtaí seo a leanas:

- Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce
- An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn.
- Neamhord Féiniúlachta Inscne Éireann.
- BeLonG To Youth Service.

Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne.

An Líonra Comhionannais Leispiach agus Aerach.

Aontas Náisiúnta na Mac Léinn.

An tÚdarás Comhionannais.

Aguisín 4:

Aithint Inscne i dTíortha Eile agus Foinsí Idirnáisiúnta

1. Tíortha

(i) An Ríocht Aontaithe

Déan tagairt, le do thoil, do Roinn 2.5.2 den tuarascáil seo.

(ii) An Ghearmáin

Bhí an dá iar-stát Ghearmánacha ar na chéad tíortha san Eoraip a thug isteach treoirlínte agus bearta dlíthiúla maidir le haithint inscne. Sa bhliain 1980, d'eisigh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine “Dlí maidir le hathrú ainmneacha tugtha agus aithint inscne i gcásanna speisialta” a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 1981, dlí a dtugtar an “Dlí Trasghnéasach” (TSG) de ghnáth air ó shin.

Tar éis athaontú na Gearmáine sa bhliain 1990, tháinig an TSG le bheith bailí maidir le gach Gearmánach. Chinn rialú ó Chúirt Bhunreachtúil Chónaidhme na Gearmáine i Meitheamh 2006 go bhfuil feidhm ag an TSG maidir le heachtrannaigh ar buanchónaitheoirí sa Ghearmáin iad.

Is gá iarratas ar athrú dlíthiúil inscne a dhéanamh sa chúirt agus teastaíonn dhá mheasúnú neamhspleácha ó chleachtóirí meabhairshláinte a bhíonn ceaptha ag an gcúirt. Ní mór do na tuarascálacha sin fáthmheas trasghnéasachta a dheimhniú agus fianaise a thabhairt ar mhian láidir le trí bliana anuas ar a laghad chun maireachtáil san inscne eile, mian nach dócha a aisiompófar. Riachtanais eile is ea an t-iarratasóir a bheith neamhthorthúlach go buan, cóireáil hormón agus máinliacht athshannta inscne a bheith déanta air nó uirthi. Suas le dhá bhliain a thógann an nós imeachta – ag brath ar cibé ar athraigh an t-iarratasóir a ainm nó a hainm roimh ré nó nár athraigh. Foráiltear san TSG le haghaidh “*Offenbarungsverbot*” (dianchosc ar nochtadh) chun príobháid a áirithiú maidir leis an inscne roimhe sin.

Faoin Acht um Thrasghnéasaigh ceanglaíodh ar dhaoine a lorg aitheantas dá n-inscne fhaighte a bheith neamhphósta agus i ndáiríre d'éiligh sé go bhfaigheadh daoine trasinscne a bhí pósta cheana féin colscaradh nó go neamhnófaí a bpósadh mar réamhchoinníoll d'aithint na hinscne faighte. An chúis a tugadh leis an riachtanas sin ná a áirithiú nach gcruthófaí catagóir de phóstaí comhghnéis, cé go bhfuil catagóir de pháirtnéireachtaí sibhialta ag an nGearmáin do lánúnacha comhghnéis. Sainmhínítear an pósadh, faoi Bhun-Dlí na Gearmáine (bunrecht na Gearmáine), mar ní idir dhaoine d'inscni difriúla.

Dhearbhaigh Cúirt Bhunreachtúil na Gearmáine i mBealtaine 2008 gur sárú ar an mBun-Dlí a bhí sa alt sin den Acht um Thrasghnéasach agus cheangail sí ar rialtas na Gearmáine é a bheith leasaithe nó na clásáil míbhunreachtúla a bheith bainte roimh Lúnasa 2009.

Ba é seasamh na Cúirte Bunreachtúla ina rialú go raibh cosaint faoin mBun-Dlí ag pósadh ar bith a rinneadh go bailí. Dá réir sin, munar theastaigh ó bheirt chéile deireadh a chur leis an bpósadh, níorbh fhéidir leis an Stát é sin a dhéanamh nó iallach a chur orthu é sin a dhéanamh, gan a gcearta a shárú. Thug an Chúirt dá haire, leis, go raibh tionchar aige ar chearta an chéile neamhthrasinscne, leis, a

éileamh go gcuirfeadh an céile trasinscne deireadh leis an bpósadh.

Le cois institiúid an phósta a chosaint, thug an Chúirt dá haire gur thug an Bun-Dlí ceart chun measa agus ceart chun aitheantais ar a inscne nó ar a hinscne fhaighte don chéile trasinscne. Ba é a sheasamh go mbeadh sé míbhunreachtúil iallach a chur ar an gcéile trasinscne ceann dá chearta nó dá cearta bunúsacha a thréigean – an ceart chun measa ar a phósadh nó a pósadh – ar mhaithe leis an gceart eile a bhaint amach: an ceart chun aitheantais dá inscne nó dá hinscne fhaighte.

Bhreithnigh an Chúirt, leis, comhréire an riachtanais deireadh a chur le pósadh láithreach. Toisc nár cheadaigh an Ghearmáin pósadh comhghnéis, ba é seasamh na Cúirte go raibh feidhm dhlisteanach ag sriantachtaí a ceapadh chun ceadú oifigiúil a sheachaint do phóstaí mar iad, ach go raibh siad díréireach toisc go gceanglódh siad ar an lánúin maireachtáil ar leithligh óna chéile ar feadh trí bliana nuair ba léir nach é sin a bhí uathu.

Tuairiscíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha gur leasaíodh dlí na Gearmáine in Iúil 2009 chun an riachtanas nach foláir do dhaoine a lorgaíonn aitheantas dlíthiúil dá inscne nó dá hinscne athshannta a bheith neamhphósta a bhaint.

(iii) An Fhrainc

Níl aon recht ag an bhFrainc a cheadódh do dhuine athrú go dlíthiúil ó inscne amháin go hinscne eile. Foráiltear sa chás-dlí, arna chódú in dhá rialú arna sheachadadh ag an *Cour de Cassation* (cosúil le hArd-Chúirt na hÉireann) gur cheart go mbeadh stádas dlíthiúil duine a bheith ag luí lena ghnéas nó lena gnéas/a dhealramh nó a dealramh, i gcás ina bhfuil an duine sin tar éis dul faoi chóireáil mhíochaine, nach bhfuil tréithe an ghnéis bhunaidh aige nó aici níos mó agus go bhfuil sé nó sí tar éis dreach agus iompar sóisialta an inscne eile a ghlacadh. Tá gá le teiripe hormón agus máinliacht sular féidir inscne fhaighte a aithint go dlíthiúil.

Bhí an Fhrainc ar an gcéad tír ar domhan, sa bhliain 2010, a dhí-aicmigh an trasghnéasacht mar ghalar meabhrach.

(iv) An Spáinn

Achtaíodh dlí um aithint inscne i Márta 2007 sa Spáinn, dlí a cheadaíonn do dhaoine trasinscne a n-ainmneacha agus a n-inscne dlíthiúla a leasú i ngach doiciméad agus taifead poiblí ar bhonn ordú cúirte – beag beann ar cibé an ndearnadh máinliacht athshannta inscne orthu nó nár dearnadh. Ach réamhchoinníollacha is ea cóireáil mhíochaine (hormónach) ar feadh dhá bhliain ar a laghad agus fáthmheas diasfóiría inscne. Ní réamhchoinníoll í cóireáil hormón más amhlaidh nach bhfuil sé innmholta ar chúiseanna sláinte nó aoise.

(v) An Phortaingéil

Leasaigh an Phortaingéil a Chód Cláraithe Sibhialta le deireanas chun foráil a dhéanamh le haghaidh athrú ainm agus inscne sa chlár sibhialta. Tugtar isteach faoi na rialacháin nua próiseas simplí riaracháin trína ndéanann an t-iarratasóir iarratas ar athrú dlíthiúil inscne agus ainm chuig oifig an chláraitheora sibhialta áitiúla. Ní foláir tacaíocht d'fháthmheas míochaine GID ó fhoireann ildisciplíne ar a bhfuil dochtúir agus síceolaí a bheith in éineacht le hiarratas ar athrú oifigiúil inscne ach ní éilítear

steiriliú, cóireáil hormón ná máinliacht. Déantar an t-athrú laistigh d'ocht lá ón uair go bhfaightear na doiciméid tacaíochta. Ceadáítear pósadh comhghnéis sa Phortaingéil agus mar sin níl aon oibleagáid ar iarratasóirí a bheith neamhphósta. Ar áireamh sna rialacháin nua tá forálacha chun athruithe a cheadú i ndoiciméid a bhaineann le leanaí daoine trasghnéasacha.

(vi) An Ostair

San Ostair ní mór do dhuine iarratasóir a dhéanamh ar athrú inscne chun é a bheith aitheanta go dlíthiúil. Ní mór don iarratasóir a bheith ag dul faoi chóireáil (lena n-áirítear cóireáil hormón), measúnú a fháil ó ghairmí meabhairshláinte cuícháilithe agus triail fhíorshaoil a shásamh.

Go dtí an bhliain 2006 cinneadh aithint inscne san Ostair de réir Fhoraithe 1996 a d'éiligh, i measc nithe eile, iarratasóir a bheith neamhphósta chun teastas breithe leasaithe a fháil a thaispeánfadh an inscne fhaighte. I rialú i Meitheamh 2006 chinn Cúirt Bhunreachtúil na hOstaire gur riachtanas neamhdhleathach é sin. Rialaigh an Chúirt Bhunreachtúil nach raibh aon fhoráil dlí ann i ndáiríre faoina bhféadfadh pósadh láithreach bac a chur ar chlárú gnéis dhlíthiúil. Rialaigh an Chúirt nár ghnó é do na húdaráis Stádas Shibhialta a chinneadh cén difear ar cheart do leasú chlár na mbreitheanna a dhéanamh do phósadh an duine, agus nár chúram é don Chúirt Bhunreachtúil é sin a fheidhmiú.

In Eanáir 2007 dhearbhaigh an tAire Gnóthaí Baile an fhoraithe a bheith ar neamhní agus eisíodh foraithe nua. Athdhearbhaíonn foraithe na bliana 2007 iarmhairtí rialú na Cúirte Bunreachtúla sa bhliain 2006 a dúirt nach féidir le pósadh láithreach bac a chur le clárú gnéis dhlíthiúil, agus nár ghnó é do na húdaráis Stádas Sibhialta breithiúnas a dhéanamh ar cibé an leanfadh pósadh láithreach ar ghaidh tar éis leasú a bheith déanta ar chlár na mbreitheanna.

Sa bhliain 2010 chinn Cúirt Uachtarach Riaracháin na hOstaire gur riachtanas neamhdhleathach a bhí sa riachtanas inscne a bheith athshannta ina hiomláine, lena n-áirítear máinliacht éigeantach. Tá sé curtha in iúl ag Aire Gnóthaí Baile na hOstaire gur cheart mionathrú a dhéanamh ar an ngnáthamh trína ndéantar bunchoinníoll le haghaidh aithint inscne athraithe de mháinliacht ghinitíúil – ach níor tugadh aon togra nithiúil ar an ábhar seo isteach go fóill.

(vii) Na Stáit Aontaithe

Sna Stáit Aontaithe tá sé de fhreagracht ar gach Stát a dhlíthe féin a dhéanamh maidir le hathrú ainmneacha agus inscne ar theastais bhreithe. Ceadáítear marcóirí ainm agus inscne a athrú ar iontráil i gclár na mbreitheanna i bhformhór na Stát ar Ordú Cúirte agus litir ó dhochtúir nó ó mháinlia a bheith faighte, litir ina bhfóirítear go ndearnadh máinliacht athshannta inscne. Diúltaíonn dornán beag Stát cead a thabhairt chun an marcóir inscne a athrú.

(viii) Ceanada

Ar aon dul leis na Stáit Aontaithe, ní hionann sna cúigí agus sna críocha ar fad an nós imeachta faoina gceadaítear do dhuine a inscne nó a hinscne a athrú go dlíthiúil ar an iontráil i gclár na mbreitheanna. Ach amháin i gcás Québec, ní mór aon athrú ar an ngnéas atá taifeadta ar iontráil an duine i gclár na mbreitheanna a dhéanamh sa chúige nó sa chríoch inar saolaíodh an duine sin. Faoin Vital Statistics

Act, 1990, i gcás ina n-athraítear struchtúr anatamaíoch gnéis an duine ón inscne atá tugtha ar a theastas nó ar a teastas breithe go dtí an inscne eile, seo mar a dhéanfaidh an Cláraitheoir – ar dhá cheann de mhionnscribhinní ó bheirt lia-chleachtóir cuícháilithe a bheith tugtha dá aird nó dá haird, mionnscribhinní a dteistítear i ngach ceann díobh gur athraíodh gnéas anamataíoch an duine, agus go bhfuarthas fianaise shásúil ar aitheantas an duine ...*má tá gnéas an duine cláraithe sa Chúige, údaróidh sé nó sí nodaireacht den athrú a bheith déanta ar chlár ...*”. Má tá gnéas an duine cláraithe lasmuigh den Chúige, seolann an Cláraitheoir chuig an té atá i gceannas ar chlárú na mbreitheanna sa dlínse ina bhfuil an duine cláraithe cóip den chruthúnas ar athrú inscne a tugadh ar aird don Chláraitheoir.

(ix) An Astráil

Daoine atá éagsúil ó thaobh gnéis nó inscne de, féadfaidh siad leasú a lorg ar an bhfaisnéis atá taifeadta ar phríomhdhoiciméid agus ar phríomhthaidid le cinntiú go ndeimhníonn siad a bhféiniúlacht go cruinn agus go cuí. A luaithe a bhíonn leasú déanta ar phríomhdhoiciméid nó ar phríomhthaidid, féadfar an leasú a úsáid chun leasú a dhéanamh ar an ngnéas nó ar an inscne atá nótáilte ar dhoiciméid agus ar thaidid thánaisteacha.

Tá dhá shlí le leasú a lorg ar an ngnéas atá nótáilte ar theastas breithe – ag brath ar áit bhreithe an duine.

Sna críocha seo a leanas: Australian Capital Territory, New South Wales, the Northern Territory, Queensland, Tasmania agus Victoria, daoine a lorgaíonn athrú ar an inscne atá cláraithe ar chlár na mbreitheanna, ní foláir dóibh iarratas a sheoladh chuig Cláraitheoir na mBreitheanna, na mBásanna agus na bPóstaí sa stát nó sa chríoch lena mbaineann. Ní mór fianaise dhoiciméadach a chur in éineacht le hiarratais a dhéantar díreach chuig an gCláraitheoir ar an ngnéas a athrú ar iontráil i gclár na mbreitheanna, lena n-áirítear fianaise liachta a dheimhníonn an t-iarratasóir a bheith neamhphósta agus tar éis dul faoin scian mar is cuí.

San Astráil Theas agus in Iarthar na hAstráile, ní foláir do dhaoine ar mian leo an ngnéas a athrú ar a dteastas breithe iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú um Aithint Inscne. Ní foláir iarratasóirí ar Dheimhniú um Aithint Inscne a bheith neamhphósta agus tar éis dul faoi ghnáthamh liachta nó máinliachta chun 'na baill ghiniúna agus tréithe gnéasacha eile a athrú'.

A luaithe a bhíonn Deimhniú um Aithint Inscne faighte ag duine féadfaidh siad an Deimhniú a chlárú le Cláraitheoir na mBreitheanna, na mBásanna agus na bPóstaí a chaithfidh ansin an t-athrú i ngnéas dlíthiúil a chlárú agus féadfaidh siad teastas breithe nua a lorg.

(x) An Nua-Shéalainn

Sa Nua-Shéalainn, faoi Acht na mBreitheanna, na mBásanna agus na bPóstaí, 1995, duine ar bith ar mian leo an inscne ar a iontráil nó ar a hiontráil ar chlár na mbreitheanna a athrú ní foláir dóibh iarratas a sheoladh chuig an gCúirt Teaghlaigh ar dhearbhu den inscne chuí a bheidh ar an teastas breithe. Eiseoidh an Chúirt dearbhú dá shórt má tá an t-iarratasóir os cionn 18 mbliana agus neamhphósta. Má tá sé nó sí pósta go dlíthiúil, coisceann an tAcht clárú nua toisc go dtiocfadh pósadh comhghnéis de sin. Ní mór don Chúirt a bheith sásta, leis, le fianaise maidir leis an iarratasóir:

♣ gur ghlac sé nó sí (nó go raibh aige nó aici riamh) féiniúlacht inscne de dhuine den ngnéas

ainmnithe;

- ⤴ go ndeachaigh sé nó sí faoi chóireáil mhíochaine mar is dóigh le saineolaithe míochaine a bheith inmhianaithe de ghnáth chun a chumasú do dhaoine bheith den déanamh ginitíúil agus fisiciúil a ghabhann le féiniúlacht inscne den ghnéas ainmnithe, agus
- ⤴ go mairfidh sé nó sí i bhféiniúlacht inscne duine den inscne ainmnithe de thoradh na cóireála liachta sin.

Ar na doiciméid a chuirfear faoi bhráid na Cúirte beidh mionnscríbhinní ón iarratasóir ina mbeidh cur síos ar chúlra nó a cúlra pearsanta agus a intinn nó a hintinn leanúint ar aghaidh mar dhuine den ghnéas ainmnithe, arna dtacú ag ráitis ó ghairmithe míochaine ina ndeirtear go ndeachaigh an t-iarratasóir faoi mháinliacht dho-iompaithe um athshannadh inscne, agus go ndeachaigh sé nó sí faoi chóireáil hormón, mar aon le haon doiciméad eile lena mbaineann. I gcás linbh atá faoi 18 mbliana d'aois nár phós riamh, féadfaidh caomhnóir an linbh iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt.

I gcás nach raibh aon phósadh ann, agus nár tugadh aon fhianaise liachta contrártha ar aird, is é toradh a bhíonn ar athrú gnéis rathúil a athchlárú ná go gcruthaíonn iarratasóirí féiniúlacht nua dóibh féin. Cé go mbítear ag súil go n-aithneofar clárú na hinscne nua chun gach críche dlí, is ar éigean a rinneadh é sin a thástáil go dtí seo, ach amháin i gcás an phósta. I gcás ina ndeachaigh duine faoi ghnáthaimh mháinliachta agus liachta a thug don duine sin déanamh fisiciúil duine den ghnéas ainmnithe, ní bheidh aon chol dlí ar phósadh an duine sin mar dhuine den ghnéas sin.

2. Foinsí Eile

*(i) Prionsabail Yogyakarta ar Fheidhmiú Dhlí um Chearta an Duine maidir le Treoshuíomh Gnéasach agus Féiniúlacht Inscne*⁸

Sraith prionsabal ar fheidhmiú an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is ea Prionsabail Yogyakarta, prionsabail a foilsíodh i Márta 2007, maidir le treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht inscne. Grúpa saineolaithe um Chearta an Duine a cheap na Prionsabail agus díríonn siad ar raon leathan caighdeán um chearta an duine agus ar an tslí a gcuirtear i bhfeidhm iad i gcás treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht inscne. Naoi bPrionsabal ar fhichead atá ann san iomlán, agus gabhann moltaí mionsonraithe do na Stáit le gach Prionsabal díobh. Ní Prionsabail cheangailteacha iad iontu féin, ach dearbhaíonn siad caighdeán idirnáisiúnta dlí a n-áitítear ar gach Stát géilleadh dóibh.

Leagtar amach i bPrionsabail 1 go 3 prionsabail maidir le huilíochas chearta an duine agus a gcur chun feidhme maidir leis an uile dhuine gan idirdhealú, chomh maith le ceart an uile dhuine chun aitheantais de réir dlí. Díríonn Prionsabail 4 go 11 ar chearta bunúsacha chun beatha, chun saoirse ó fhoréigean agus ó chiapadh, chun príobháide, chun teacht ar cheartas agus ar shaoirse ó choinneáil treallach. Leagtar amach i bPrionsabail 12 go 18 a thábhachtaí atá sé gan idirdhealú a dhéanamh maidir le teachtadh cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, lena n-áirítear fostaíocht, cóiríocht, slándáil shóisialta, oideachas agus sláinte. Leagtar béim i bPrionsabail 19 go 21 ar a thábhachtaí atá an tsaoirse chun tú féin, d'fhéiniúlacht agus do ghnéasacht a chur in iúl, gan cur isteach ón Stát beag beann ar threoshuíomh gnéasach nó ar fhéiniúlacht inscne, lena n-áirítear an ceart chun bheith rannpháirteach go síochánta i gcomhdhálacha agus in imeachtaí poiblí agus bheith bainteach i bpobal le daoine eile ar

8 <http://www.yogyakartaprinciples.org/>

bhealaí eile. Aibhsíonn Prionsabail 22 agus 23 cearta daoine chun tearmann a lorg ó chiapadh ar bhonn treoshuíomh gnéasach nó féiniúlacht inscne. Díríonn Prionsabail 24 go 26 ar chearta daoine bheith rannpháirteach i saol teaghlaigh, i ngnóthaí poiblí agus i saol cultúrtha a bpobail, gan idirdhealú ar bhonn treoshuíomh gnéasach nó féiniúlacht inscne. Aithnítear i bPrionsabal 27 an ceart chun cearta an duine a chosaint agus a chur ar aghaidh gan idirdhealú ar bhonn treoshuíomh gnéasach nó féiniúlacht inscne, agus oibleagáid na Stát chun cosaint a chinntiú do chosantóirí chearta an duine atá ag obair sna réimsí sin. I bPrionsabail 28 agus 29 dearbhaítear a thábhachtaí atá sé sárartheoirí ceart a chúiseamh, agus cúiteamh cuí a chinntiú dóibh siúd a sáraítear a gcearta.

In éineacht le gach Prionsabal tá moltaí mionsonraithe do na Stáit ar fad. Leagtar béim sna Prionsabail ar an fhreagracht atá ar na gníomhaithe ar fad chun cearta an duine a chur ar aghaidh agus a chosaint. Tá moltaí breise ann dá bhrí sin dírithe ar chóras chearta an duine na Náisiún Aontaithe, ar institiúidí chearta an duine, ar na meáin, ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus eile. Gheofar téacs iomlán Phrionsabail Yogyakarta ag http://www.yogyakartaprinciples.org/principles_en.htm.

(ii) Cearta an Duine agus Féiniúlacht Inscne – Pléfháipéar le Thomas Hammarberg, Coimisinéir um Chearta an Duine Chomhairle na hEorpa⁹

In Iúil 2009 d’fhoilsigh Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Thomas Hammarberg, pléfháipéar ar Chearta an Duine agus Féiniúlacht Inscne. Tuairiscíodh saincheisteanna ar leith a bhaineann le féiniúlacht inscne agus cearta an duine sa Phléfháipéar sin.

Deirtear in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach "tá ag an uile dhuine an ceart chun measa ar a shaol príobháideach agus ar a shaol teaghlaigh, ar a bhaile agus ar a chomhfhreagras". Mar sin ceanglaítear ar na Ballstáit aitheantas foirmiúil a thabhairt d'inscne athraithe daoine trasghnéasacha. Ach faoi na nósanna imeachta um aithint inscne atá i bhfeidhm i mórán Ballstáit ceanglaítear ar dhaoine riachtanais neamhéasca dlí agus míochaine a chomhlíonadh. D'fhéadfadh na nósanna imeachta sin duine trasinscne a dhíspreagadh ó athrú dlíthiúil inscne a lorg ar an gcéad dul síos, leis. Aibhsítear sa pháipéar, leis, nach gcuimsítear idirdhealú bunaithe ar fhéiniúlacht inscne go sainráite sna creatlaí dlí i bhformhór mór Bhallstáit Chomhairle na hEorpa agus moltar ann go gcuirfí an foras sin ar áireamh ann mar fhoras ar leith i reachtaíocht náisiúnta in aghaidh idirdhealú.

Maidir leis na critéir cháiliúcháin do dhuine a dhéanfadh iarratas ar athrú dlíthiúil inscne, tá roinnt Ballstát ann a éilíonn go rachadh duine faoi ghnáthaimh mháinliachta roimh ré ar nós athshannadh inscne nó steiriliú. Ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear cúiseanna sláinte agus airgeadais, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ar chumas duine trasinscne é sin a dhéanamh, nó nár mhian leis nó léi é sin a dhéanamh. Is é an tuairim a nochtar sa tuarascáil nach bhfuil aon ghá ann féin gnáthaimh mháinliachta ar leith a bheith ina gcoinníoll leis an duine sin a aicmiú mar dhuine a d'fhéadfadh a ghnéas nó a gnéas a athrú.

Díríonn an páipéar, leis, ar an oibleagáid dlí a leagtar ar dhaoine trasinscne i dtíortha áirithe colscaradh a fháil ó chéile den inscne eile i bpósadh dlíthiúil sular féidir an inscne nua a aithint. Fadhb í seo go háirithe i stáit nach n-aithnítear pósadh comhghnéis iontu, mar a leanfadh pósadh comhghnéis as athrú inscne. Tuairiscítear sa tuarascáil "...toisc nach gceadaítear pósadh comhghnéis ach i gcúig cinn de Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, ceanglaítear ar dhaoine trasinscne dá réir colscaradh a fháil sular féidir an inscne athraithe a aithint go hoifigiúil. I gcásanna iomadúla, ní colscaradh atá ag teastáil ón

9 <https://wcd.coe.int/wcd/ViewDoc.jsp?id=1476365>

lánúin phósta ach fanacht mar aonad teaghlaigh a aithnítear de réir dlí, go háirithe má tá leanaí faoina gcúram...” Fearann an páipéar fáilte roimh chinntí a rinne Cúirt Bhunreachtúil na hOstaire “...ní féidir leis an bpósadh a bheith ina bhac ar iontráil ghnéis a athrú ar theastas breithe..” chomh maith le rialú den chineál céanna a rinne Cúirt Bhunreachtúil na Gearmáine ina ndeirtear “...cuireann sé deireadh le colscaradh éigeantach sna tíortha sin i gcás lánúineacha pósta ar duine trasinscne é duine de na páirtithe...”

San iomlán, rinne an Plépháipéar roinnt moltaí neamhcheangailteacha maidir leis na Ballstáit:

- Caighdeáin chearta an duine a chur i ngníomh gan idirdhealú agus cosc a chur go sainráite le hidirdhealú ar fhoras féiniúlacht inscne i reachtaíocht náisiúnta in aghaidh idirdhealú (ba cheart Prionsabail Yogyakarta a bheith ina dtreoir maidir le cur i ngníomh náisiúnta sa réimse seo);
- Reachtaíocht maidir le coireanna fuatha a achtú ina mbeidh cosaint shonrach do dhaoine trasinscne in aghaidh coireanna agus teagmhas trasfóbach;
- ⤴ Nósanna imeachta gasta agus trédhearcacha a fhorbairt chun ainm agus gnéas daoine trasinscne a athrú ar theastais bhreithe, ar chártaí aitheantais, ar phasanna, ar theastais oideachais agus ar dhoiciméid eile dá sórt;
- ⤴ Deireadh a chur le steiriliú agus le cóireáil mhíochaine éigeantach eile a bheith ina riachtanas dlí i ndlíthe a rialaíonn an próiseas um athrú ainm agus gnéis chun féiniúlacht inscne duine a bheith aitheanta;
- ⤴ Gnáthaimh athshannta inscne ar nós cóireáil hormón, máinliacht agus tacaíocht shíceolaíoch a chur ar fáil do dhaoine trasinscne agus a chinntiú go bhfaigheann siad cúiteamh ó scéimeanna poiblí árachais sláinte;
- ⤴ Srianachtaí a bhaint de chearta daoine trasinscne fanacht i bpósadh láithreach tar éis athrú inscne a bheith aitheanta;
- ⤴ Beartais a ullmhú agus a chur i ngníomh chun troid in aghaidh an idirdhealaithe agus an eisiaimh a bhíonn le sárú ag daoine trasinscne sa mhargadh saothair, i gcúrsaí oideachais agus cúram sláinte;
- ⤴ Dul i gcomhairle le daoine trasinscne agus le heagraíochtaí na ndaoine sin nuair a bhíonn beartas agus bearta dlí a bhaineann leo á bhforbairt agus á gcur i ngníomh;
- ⤴ Díriú ar chearta daoine trasinscne agus ar idirdhealú bunaithe ar fhéiniúlacht inscne trí chlár oideachais agus oiliúna um chearta an duine, chomh maith le feachtais chun feasacht a mhéadú;
- ⤴ Oilíúint a sholáthar do ghairmithe cúram sláinte, lena n-áirítear síceolaithe, síciatraithe agus cleachtóirí ginearálta, maidir le riachtanais agus cearta daoine trasinscne agus an gá atá le meas a léiriú ar a ndínit;
- ⤴ Údair inní daoine trasinscne a bhaineann le cearta an duine a chur ar áireamh i raon na ngníomhaíochtaí is ábhar do chomhlachtaí comhionannais agus do struchtúir náisiúnta um chearta an duine;
- ⤴ Tionscadail taighde a fhorbairt chun sonraí a bhailiú agus anailísiú maidir le staid daoine trasinscne um chearta an duine lena n-áirítear an t-idirdhealú agus an éadulaingt a bhíonn le sárú acu ag féachaint go cuí do cheart chun príobháide na ndaoine i dtrácht.

(iii) Moladh CM/Rec (2010)5 de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa um na Ballstáit ar bhearta chun cur i gcoinne idirdhealú ar fhorais threoshuímh ghnéasaigh nó féiniúlacht inscne

Ghlac an Coiste ráite Moladh CM/Rec (2010)5 de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 31 Márta, 2010, ag an 1,081ú cruinniú d'Ionadaithe na nAirí. Mhol an Coiste, faoi théarmaí Airteagal 15.b de Reacht Chomhairle na hEorpa, gur mar seo a leanas a dhéanfaidh na Ballstáit:

- *“...bearta reachtacha agus bearta eile a scrúdú, iad a choimeád faoi athbhreithniú, agus sonraí ábhartha a bhailiú agus anailísiú, chun monatóireacht agus cúiteamh a dhéanamh maidir le haon idirdhealú ar fhorais threoshuímh ghnéasaigh nó féiniúlacht inscne;*
- *a chinntiú go nglactar bearta reachtacha agus bearta eile agus go gcuirtear i ngníomh go héifeachtach iad chun cur i gcoinne idirdhealú ar fhorais threoshuímh ghnéasaigh nó féiniúlacht inscne, chun meas a chinntiú ar chearta daonna daoine lespiacha, déghnéasacha agus trasinscne agus chun caoinfhulaingt a chothú ina leith;*
- *a chinntiú go mbíonn íospartaigh de bharr an idirdhealaithe ar an eolas faoi leigheasanna éifeachtacha dlí os comhair údarás náisiúnta, agus go mbíonn teacht acu orthu, agus go mbeidh ar áireamh i mbearta in aghaidh idirdhealú, de réir mar is cuí, smachtbhannaí as sárúithe agus cúiteamh leordhóthanach d'íospartaigh de bharr idirdhealú;*
- *na prionsabail agus na bearta atá san aguisín leis an moladh seo a ghlacadh mar threoir agus reachtaíocht, beartais agus cleachtais á gceapadh acu;*
- *a chinntiú go ndéanfar an moladh seo, lena n-áirítear an t-aguisín, a aistriú agus a scaipeadh chomh leathan agus is féidir, ar gach bealach cuí...”*

GLUAIS:

DCM	Diagnostic and Statistical Manual of Mental Disorders
GID	Neamhord Féiniúlachta Inscne
GRA	Acht um Aithint Inscne
GRC	Deimhniú um Aithint Inscne
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
ICD	Aicmiú Idirnáisiúnta na nGalar
MHP	Gairmí Meabhairshláinte
PPSN	Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí
WPATH	An Cumann Gairmiúil Domhanda um Shláinte Thrasinscne